


## Scrúdú na hArdteistiméireachta 2014

Sraith	Teideal
1	Turas go dtí Comórtas Leadóige Wimbledon
2	Tine sa Teach
3	Bua ag Cór na Scoile
4	Robáil Bainc
5	An Ghéarchéin Eacnamaíochta
6	Comhoibriú an Phobail
7	Cuairt an Uachtaráin
8	Cuairt ar Aintín i Nua-Eabhrac
9	Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France
10	Drochaimsir an Gheimhridh - Athrú Aeráide
11	Breoite ar Scoil
12	Buntáistí Móra na hIdirbhliana
13	Cailte sna Sléibhte
14	Tionscadal ar Fhéilte na hÉireann
15	Gaisce
16	Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar na Déagóirí
17	Samhradh Iontach
18	An Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr
19	Tá Tionchar ag na Meáin agus an Teicneolaíocht Orainn
20	Sláinte na nÓg - Seachtain na Sláinte

Téasc Samplach agus ceisteanna ón Scoilnet.



# Turas go dtí Comórtas Leadóige Wimbledon



## 1: Turas go dtí Comórtas Leadóige Wimbledon

### Achoimre:

Tá tuairisc sna pictiúir seo ar thuras a thug triúr cairde ar Londain chun freastal ar Chraobhchomórtas Leadóige Wimbledon.

**Pictiúr 1a : Bhí scrúduithe an tsamhraidh ar siúl agus bhí Aodhán, Brian, agus Ciarán ag obair go dian. Triúr cairde ab ea iad sin.**

Triúr cairde ab ea A, B, agus C. Bhí siad ag dúil leis na laethanta saoire. Sa phictiúr seo bhí siad i mbun scrúduithe an tsamhraidh. Deireadh mhí Bhealtaine nó tús mhí an Mheithimh a bhí ann, is dócha. Ní raibh de thoscán sa seomra ach cathaoir agus bord beag do gach dalta. Ní raibh rud ar bith os a gcomhair ach an páipéar scrúdaithe agus an freagarleabhar. Ní raibh cead cainte acu le linn an scrúdaithe.

### Ceisteanna:

- Cad a bhí ar siúl ag na buachaillí?
- Cén tráth den bhliain a bhí ann?
- Cad é an troscán a bhí sa seomra?

**Pictiúr 1b : Nuair a bhí na scrúduithe thart d'inis Brian dá chairde gur bhuaigh sé ticéid go Wimbledon.**

Bhí an-suim go deo ag an triúr cairde seo sa leadóg. Nuair a bhí na scrúduithe thart thug siad na raicéid leo agus chuaigh siad go dtí na cúirteanna leadóige chun cluiche a imirt. Nuair a bhí siad á ngléasadh féin d'inis Aodhán don bheirt eile go raibh ticéid buaite aige chun dul go Wimbledon. Bheadh na comórtais idirnáisiúnta ar siúl ag deireadh na míosa. Bheartaigh an triúr acu dul go Londain chun cluiche leadóige a fheiceáil i Wimbledon.

### Ceisteanna:

- Cad é an spórt ab fhearr leis na buachaillí seo? Cén fhianaise atá agat?
- Cén dea-scéal a bhí ag duine de na buachaillí?
- Cathain a rachaidis go Londain?

**Pictiúr 2 : Nuair a tháinig an lá chun imeachta thug tuismitheoirí Bhriain síob dóibh go dtí an t-aerfort.**

Nuair a tháinig an lá chun imeachta thug tuismitheoirí Bhriain go dtí an t-aerfort iad. Chuaigh siad go dtí deasc chláraithe na n-eitiltí go Londain agus thaispeáin siad na ticéid. Maidir le bagáiste ní raibh ach mála beag amháin an duine acu. D'iarr a mháthair ar Bhrian téacs a chur chuici nuair a shroichfidis a gceann scríbe slán. Dúirt a athair leo taitneamh a bhaint as an turas.

### Ceisteanna:

- Cé a thug go dtí an t-aerfort iad?
- Cár thaispeáin Brian na ticéid?
- Conas a mhothaigh máthair Bhriain? Cad a theastaigh uaithe?

### **Pictiúr 3a: Nuair a thuirling an t-eitleán i Londain bhí an aimsir go deas.**

Nuair a thuirling an t-eitleán i Londain bhí an aimsir go hálainn. Bhí an ghrian go hard sa spéir ghlan ghorm. Ba bheag scamall a bhí le feiceáil. Ar an mbealach go dtí an t-óstán chonaic siad Túr London agus abhainn na Tamaise.

### **Pictiúr 3b: Shroich siad a seomra san óstán.**

Bhí ríméad orthu nuair a shroich siad an t-óstán a bhí curtha in áirithe dóibh. Bhí seomra codlata amháin á roinnt ag an triúr acu agus cheap siad go raibh sé fíorchompordach. Nuair a léigh siad an biachlár tháinig ocras orthu. Bhí sé go hiontach.

#### **Ceisteanna:**

- Ar thaitin an t-óstán leo?
- Cé mhéad leapacha a bhí sa seomra?
- An raibh bialann san óstán?

### **Pictiúr 4a: Amach leo ag spaisteoireacht i Londain.**

Amach leo ag spaisteoireacht sa chathair. Bhí lár na cathrach plódaithe le daoine. Cheap siad go raibh gach duine dea-ghléasta, na cailíní ach go háirithe. Labhair Ciarán le cailín deas a raibh culaith ghnó fhoirmiúil uirthi agus spéaclaí gréine ar chlár a héadain. Chonaic siad na bealaí síos faoin talamh chuig Meitreo London ach b'fhéarr leo siúl os cionn talún ná dul ar thraein faoi thalamh. Nuair a bhí siad ag siúl suas Sráid Áth na nDamh (Oxford Street) bhí ionadh orthu faoi airde na bhfoirgneamh ar gach aon taobh díobh agus faoi na sluaite daoine a bhí ag siúl soir siar ar na cosáin "mar a bheadh cuileanna fomhair ann."

### **Pictiúr 4b: Um thráthnóna chuaigh siad ag taisteal timpeall na cathrach ar bhus na dturasóirí.**

Um thráthnóna chuaigh siad ar chamchuairt timpeall na cathrach ar bhus na dturasóirí. Bus dhá urlár a bhí ann agus chuaigh siad suas an staighre go dtí an t-urlár uachtarach a bhí gan díon áit a raibh leoithne deas gaoithe le haireachtáil ann. Bhí tráchttaireacht ar na foirgnimh éagsúla le cloisteáil ar feadh an turais ar chluasáin i dteangacha éagsúla. Fuair siad radharc ar na séadchomharthaí go léir: an clog mór "Big Ben" agus "Roth Mór na Mílaoise" agus araile. Bhain siad an-sult as an lá i Londain.

#### **Ceisteanna:**

- Conas a chaith siad an chéad lá i Londain?
- An ndeachaigh siad ar an Meitreo?
- Cén bus a thóg siad? Cén fáth ar thóg siad é sin?

### **Pictiúr 5: An lá dár gcionn chuaigh siad go Wimbledon.**

An lá dár gcionn chuaigh siad go Wimbledon agus isteach leo chuig seomra na n-iomaitheoirí. Bhí an t-ádh orthu go raibh beirt imreoirí cáiliúla i láthair: Nadal agus Djokovic. Bhí siadsan an-cháirdiúil. Labhair siad leo. D'fhiafraigh siad díobh faoin leadóg in Éirinn agus scríobh siad a n-ainmneacha ar an gClár do gach duine acu mar chuimhneachán ar a gcuairt. Ansin tógadh grianghraf den triúr i bhfochair laochra na leadóige.

**Ceisteanna:**

- Cé a casadh orthu nuair a shroich siad Ionad na gComórtas Leadóige i Wimbledon?
- Cén fáth a raibh siadsan ansin an lá sin?
- Cad é an cuimhneachán a thug siad don triúr as Éirinn?

**Pictiúr 6a: Ar deireadh d'aimsigh siad na suíocháin a bhí curtha in áirithe dóibh sa Chúirt Láir.**

Ar deireadh d'aimsigh siad na suíocháin a bhí curtha in áirithe dóibh sa Chúirt Láir. Bhí radharc breá acu ar an gcúirt féin agus ar an eangach.


**Pictiúr 6b: Bhí an triúr an-sásta leis na suíocháin a fuair siad.**

Bhí an triúr an-sásta leis na suíocháin a fuair siad. Bhí an áit plódaithe le daoine. Ní raibh oiread agus suíochán amháin le spáráil. Dúirt Aodhán go raibh an t-ádh leo a leithéid de dhuais a bhuanachan. Shíl Brian go mbeadh an bua ag Djokovic sa Chraobhchomórtas. Dúirt Ciarán go raibh brón air go gcaithfeadh siad dul abhaile an lá dár gcionn.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad ansin?
- Cad a cheap siad faoi na suíocháin a fuair siad?
- Cé a bhuaifadh an Craobh sa leadóg dar le Brian?
- Cén fáth a raibh brón ar Chiarán?

## Tine sa Teach



### 2: Tine sa Teach

#### Achoimre:

Tá tuairisc sna pictiúir seo ar phanna friochta sceallóg a chuaigh trí thine. Níor dódh an teach ach ba dhóibair dó.

**Pictiúr 1a : Oíche fhuar i lár an gheimhridh ab ea í. Bhí sé ag cur sneachta nuair a d'fhág Nóra an dioscó áitiúil chun siúl abhaile ina haonar.**

Oíche fhuar i lár an gheimhridh ab ea í. Bhí sé ag cur sneachta go trom nuair a d'fhág Nóra an dioscó áitiúil chun dul abhaile. B'álainn an radharc iad na calóga móra bána ag titim go mall ach bhí brat bán sneachta ar an talamh a bhí sé orlach ar doimhne. Caithfidh gur fhág Nóra an dioscó go luath mar ní raibh duine ná deoraí eile ar an tsráid ach í féin ina haonar. Bhí sí gléasta i gceart don bhfuacht ach ní raibh súil aici le sneachta. Bhí cóta mór trom uirthi, bríste géine (nó jions), agus hata olla ar a ceann. Ní raibh a coisbheart oiriúnach don sneachta áfach, mo léan. Ní raibh uirthi ach slipéir éadroma damhsa in ionad buataisí uiscédhíonacha agus ba ghearr go raibh a cosa préachta. Ní raibh carr ná tacsáí ar an mbóthar a thabharfadh síob di agus b'éigean di siúl abhaile.

**Ceisteanna:**

- Cá raibh an cailín seo ag dul?
- Cén tráth den bhliain a bhí ann?
- Inis dhá rud a chuir isteach uirthi.

**Pictiúr 1b : Shroich sí an baile ag a haon a chlog ar maidin. Isteach léi sa chistin agus shuigh sí os comhair na tine.**

Shroich sí an baile ag a haon a chlog ar maidin. Bhain sí di an cóta agus an hata. Isteach léi sa chistin. Bhí an chistin glan néata agus na gréithe cóirithe go deas ar an drisiúr. Fuair Nóra cathaoir uilleann a raibh cúisíní breátha boga uirthi agus shuigh sí -- á goradh féin -- os comhair na tine a bhí ar lasadh go fóill sa teallach. Is dócha gur choigil a máthair an tine di nuair a chonaic sí an sneachta. Bhí a fhios aici go mbeadh a hiníon fuar. Shín Nóra a lámha amach chun an t-eanglach (nó barrliobar) a bhaint as a méara.

**Ceisteanna:**

- Cad atá le feiceáil sa phictiúr seo? Ainmnigh trí rudaí.
- Cathain a shroich Nóra an teach?
- Cad a rinne Nóra nuair a shroich sí an teach? Cén fáth a ndearna sí é sin?

**Pictiúr 2a & 2b : Cé go raibh sí ag méanfach le tuirse tháinig ocras ar Nóra agus thosaigh sí ag cócaráil.**

Cé go raibh sí ag méanfach le tuirse tháinig ocras ar Nóra agus thosaigh sí ag cócaráil. Bheartaigh sí sceallóga prátaí a ullmhú di féin. Chuir sí ola sa phanna agus chuir sí ar an gcócaireán gáis é. Las sí an gás. Chuaigh sí go dtí an cuisneoir (nó an t-íosreiteoir b'fhéidir) chun pacáiste sceallóg a fháil. Bheadh na sceallóga sin i bhfad níos áisiúla ná a gcuid prátaí féin. Chaithfeadh sí a gcuid prátaí féin a ní, a scamhadh, agus a ghearradh sula mbeadh siad réidh le friochadh. Bhí an pacáiste siopa de sceallóga réidh don phanna i bhfad níos saoráidí. Chuir sí na sceallóga isteach i gciseán draenála an phanna agus chuir sí síos san ola iad. Ní thógfadh sé i bhfad ar an ola beiriú agus na sceallóga a bhruith. D'fhág Nóra ann iad go dtí go mbeadh siad réidh.

### **Ceisteanna:**

- Cad a bhí ag cur isteach ar Nóra tar éis teacht abhaile di?
- Cén fáth ar las sí an cócaireán gáis?
- Cad a thóg sí as an gcuisneoir? Cén fáth nár thóg sí na prátaí s'acu féin?

### **Pictiúr 3a: Bhí Nóra tuirseach traochta. Luigh sí ar a leaba agus thit a codladh uirthi.**

Chuaigh sí suas chuig a seomra codlata. Bhí sí traochta tar éis an dioscó agus tar éis siúl abhaile. Ghéill sí don tuirse agus luigh sí síos ar a leaba ina cuid éadaí le fanacht go dtí go mbeadh na sceallóga friochta. Thit a codladh uirthi.

### **Pictiúr 3b: Thíos sa chistin chuaigh an ola sa phanna trí thine.**

Thíos sa chistin chuaigh an ola sa phanna trí thine. I dtosach líonadh an chistin le deatach dubh. Ansin phléasc bladhmanna lasrach aníos as an bpanna.

### **Ceisteanna:**

- Cén fáth a ndeachaigh Nóra go dtí a seomra codlata?
- Cén dearmad a rinne sí?
- Cad a tharla sa chistin?

### **Pictiúr 4a: Dhúisigh na tuismitheoirí nuair a d'airigh siad boladh deataigh sa seomra leapa.**

Leath an deatach ar fud an tí. Ní léir go raibh aláram tine sa teach. Dhúisigh na tuismitheoirí nuair a líonadh a seomra leapan le deatach. D'éirigh máthair Nóra ach bhuaill taom casachtaí í nuair a tharraing sí anáil. Rug a fear, athair Nóra, ar an bhfón póca agus chuir sé fios ar bhriogáid dóiteán.

### **Pictiúr 4b: Mhuscail a máthair Nóra.**

Rith máthair Nóra go dtí seomra a hiníne. Bhí Nóra ina sámhchodladh ach rug a máthair greim uirthi chun í a mhuscailt. Is ansin a thuig sí go raibh Nóra gan aithne gan urlabhra tar éis di deatach a anáil.

### **Ceisteanna:**

- Cad a tharla thuas staighre?
- Céard a rinne athair Nóra?
- Céard a rinne máthair Nóra?

### **Pictiúr 5a : Tháinig briogáid na ndóiteán agus mhúch siad an tine sa chistin.**

Níorbh fhada gur tháinig briogáid na ndóiteán. Tháinig fear múchta tine isteach. Bhí sé feistithe go maith don ghnó. Bhí trealamh anála ar a bhéal agus ar a shrón aige agus bhí clogad ar a cheann. Bhí sé clúdaithe ó bhaithe go bonn le héadaí tine-dhíonacha. Bhí feadán fada a raibh



sconna ar a bharr á tharraingt isteach aige. Scaoil sé an sconna agus scaird sé steall de cheimiceán oiriúnach ar an tine chun í a mhúchadh. Ba ghearr go raibh an tine faoi smacht aige.

### **Pictiúr 5b : Tháinig otharcharr agus tugadh Nóra go dtí an t-ospidéal.**

Tháinig otharcharr agus chuir na hoibrithe paraimhíochaine Nóra ar shínteán chun í a thabhairt go dtí an t-ospidéal. Bhí sí tar éis cuid mhaith deataigh a análu agus ba bheag nár plúchadh í. Dúirt a máthair léi gan a bheith buartha, go mbeadh sí ceart go leor.

#### **Ceisteanna:**

- Cé ba thúisce a tháinig i gcabhair orthu?
- Cén chaoi a raibh an fear tine gléasta?
- Céard faoi Nóra?

### **Pictiúr 6a: An mhaidin dár gcionn ba léir go ndearna an tine an-damáiste don teach.**

An mhaidin dár gcionn ba léir go ndearna an tine an-damáiste don teach. Teach dhá urlár a bhí ann agus bhí an t-urlár íochtair scriosta ar fad. Cé go raibh rian deataigh os cionn na bhfuinneog ní léir go ndeachaigh na lasracha suas go dtí an dara hurlár. Bhí an t-ádhdh ar na comharsana béal dorais taobh leo nár dódh a dteach siadsan chomh maith mar bhí an dá theach in aon fhoirgneamh amháin. Bhí Nóra ina cónaí i dteach leathscoite. [Tá súil agam go raibh árachas ar an teach ag tuismitheoirí Nóra mar táim cinnte gur chosan sé cuid mhór airgid orthu an teach a dheisiú tar éis na timpiste sin. B'fhiú dóibh aláram tine a chur in gach seomra chomh maith ar fhaitíos go dtárlódh a leithhéid arís.]


### **Pictiúr 6b: Bhí Nóra san ospidéal. Dúirt ban-dochtúir léi go mbeadh sí ar a seanléim arís i gceann cúpla lá.**

Bhí Nóra san ospidéal. Dúirt ban-dochtúir léi go mbeadh sí ar a seanléim arís i gceann cúpla lá. Crochadh diltálaire in aice na leapan chun lucht leighis a instealladh isteach ina féitheacha.

#### **Ceisteanna:**

- Cén damáiste a rinneadh sa teach?
- Cad faoi na comharsana?
- Cén fáth a raibh diltálaire in úsáid ar Nóra san ospidéal?

## Bua ag Cór na Scoile



### 3: Bua ag Cór na Scoile

#### Achoimre:

Tá tuairisc sna pictiúir seo ar an uair a bhuaigh Cór Choláiste Phádraig an Chraobh (an chéad áit) i gcomórtas do chóir scoileanna a d'eagraigh RTÉ.

**Pictiúr 1 :** Chuir cór Choláiste Phádraig isteach ar Chomórtas Cór na Scoileanna RTÉ agus rinneadh taifeadadh ag 6.30 pm ar an 15ú Meán Fómhair.

Chuir cór Choláiste Phádraig isteach ar Chomórtas Cór na Scoileanna RTÉ. Tháinig foireann RTÉ go dtí an scoil ar an 15ú Meán Fomhair agus rinne siad taifeadadh ar an gcór ag 6.30 pm. Shocraigh siad ceithre cinn de mhícreafóin timpeall ar an gcór, dhá cheann os a gcomhair agus dhá cheann eile thuas os a gcionn.

Cór seacht nduine dhéag ab ea é agus bhí idir bhuachaillí agus chailíní ann. Bhí gach duine acu gléasta in éide na scoile, léine agus carbhat, geansaí agus bríste ar na buachaillí, blús, geansaí agus sciorta ar na cailíní. Bhí sciath na scoile ar na geansaithe. Chan na daltaí go léir ar a seacht ndícheall mar bhí a fhios acu go mbeadh siad le feiceáil ar an teilifís ar ball.

#### **Ceisteanna:**

- Cén fáth ar tháinig RTÉ go dtí an scoil.
- Déan cur síos ar an taifeadadh.
- Cén chaoi a raibh na daltaí gléasta.

#### **Pictiúr 2a : Chuir láithreoir an Chomórtais glao gutháin ar Phríomhoide Choláiste Phádraig. D'éirigh leis an gcór dul ar aghaidh.**

Ghlaoigh láithreoir an Chomórtais ar Phríomhoide Choláiste Phádraig. Ar fón póca a rinne sí an glao. Bhí dea-scéala aici dó. D'éirigh leis an gcór dul ar aghaidh go dtí comórtas na Craobhe i nDoire.

Bean óg shuairc í an láithreoir, gruaig dhubh chatach uirthi, muince brád á caitheamh aici.

#### **Ceisteanna:**

- Cé a rinne glao gutháin?
- Cén teachtaireacht a bhí aici?
- Déan cur síos ar an láithreoir.

#### **Pictiúr 2b : Bhí áthas ar an bPríomhoide an dea-scéal a chloisteáil.**

Bhí áthas ar an bPríomhoide an dea-scéal a chloisteáil. Is léir sin ón aoibh gháire a bhí air.

Fear meán-aosta ab ea an Príomhoide, é beagán maol ar a bhaithis, gruaig liath air. Bhí sé gléasta i gculaith dhubh, léine agus carbhat. Bhí uaireadóir ar chaol na láimhe aige. Is suimiúil gur ar fhón póca a ghlac sé leis an teachtaireacht ó láithreoir RTÉ seachas ar shean-fhón deisce.

#### **Ceisteanna:**

- Cad a cheap an Príomhoide faoin teachtaireacht a fuair sé ó láithreoir RTÉ?
- Cén sórt fóin a bhí in úsáid aige?
- Déan cur síos ar an bPríomhoide.

#### **Pictiúr 3: Tháinig foireann RTÉ chuig an scoil chun imeachtaí eile a thaifeadadh.**

Tháinig foireann RTÉ chuig an scoil chun clár iomlán d'imeachtaí eile a thaifeadadh. Tuairisceoir agus ceamradóir a tháinig. I measc na n-imeachtaí a thóg siad bhí cluiche peile, díospóireacht agus ceoldráma

**Ceisteanna:**

- Cén fáth ar tháinig foireann ó RTÉ chuig an scoil?
- Cé mhéad duine a tháinig? Cén gnó a bhí ag gach duine acu faoi leith?
- Cad iad na himeachtaí scoile a ndearnadh taifeadadh orthu?

**Pictiúr 4a: Ba ghearr go raibh ríméad ar dhaltaí Choláiste Phádraig iad féin a fheiceáil ar an teilifís.**

Ba ghearr go raibh ríméad ar dhaltaí Choláiste Phádraig iad féin a fheiceáil ar an teilifís. Baineadh geit as na peileadóirí nuair a chonaic siad iad féin ag imirt ar an teilifís.

**Pictiúr 4b: Chuaigh an cór agus a lucht tacaíochta ar an mbus go Doire.**

Tamall ina dhiaidh sin arís bhí an cór agus a lucht tacaíochta ar an mbus go Doire.

**Ceisteanna:**

- Cad a chuir iontas ar dhaltaí Choláiste Phádraig?
- Cén fáth ar taispeánadh imeachtaí mar sin ar an teilifís?
- Cén fáth a raibh an bus ag dul go Doire?

**Pictiúr 5 : Tháinig lá an Chomórtais agus chuaigh cór Choláiste Phádraig ar an ardán i Halla na Mílaoise.**

Nuair a shroich an bus Doire scaoileadh na daltaí amach ag Halla na Mílaoise mar a raibh an comórtas ar siúl. Níorbh fhada gur glaoth ar chóir Choláiste Phádraig. Suas leo ar an ardán. A múinteoir ceoil a bhí ina stiúrthóir acu. Chonaic siad triúr moltóirí ar thaobh amháin den halla, ceamradóir RTÉ ar an taobh eile, agus slua mór de lucht éisteachta os a gcomhair. Tar éis nóiméid sméid duine de na moltóirí ar an stiúrthóir. D'ardaigh sise a lámh agus thosaigh an cór ag canadh.

**Ceisteanna:**

- Cá raibh an comórtas ar siúl?
- Cad é an radharc a bhí le feiceáil ag baill an chóir ón ardán?
- Cén comhartha a thug an múinteoir dóibh le go dtosóidís ag canadh?

**Pictiúr 6a: D'fhógair duine de na moltóirí na torthaí. Bhí an Chraobh buaite ag Cór Choláiste Phádraig.**

Ar deireadh labhair duine de na moltóirí agus d'fhógair sí torthaí an chomórtais. Bhí an bua faighte ag Coláiste Phádraig.

Bean óg a raibh spéaclaí á gcaitheamh aici ab ea an moltóir seo. Bhí a cuid gruaige cíortha siar ina cocán aici.

**Pictiúr 6b: Nuair a shroich an cór an scoil arís d'fháiltigh an Príomhoide rompu. Thréaslaigh sé a mbua leo.**

Nuair a shroich an cór an scoil arís bhí an Príomhoide ansin le fáiltiú rompu agus lena mbua a thréaslú leo. Bhí halla na scoile maisithe le balúin agus le sraoilleáin brataí ioldaite chun an ócáid a cheiliúradh. Bhí sceitimíní ar na daltaí go léir tar éis dóibh craobh na hÉireann a bhuanachan sa Chomórtas. Tharraing siad clú agus cáil ar Choláiste Phádraig agus bhí áthas orthu faoi sin. Bhí gach aon duine bródúil astu.

**Ceisteanna:**

- Cén toradh a bhí ar an gcomórtas?
- Déan cur síos ar an moltóir a d'fhógair na buaiteoirí.
- Déan cur síos ar an bhfáilte a cuireadh rompu nuair a d'fhill siad ar an scoil.

## Robáil Bainc



### 4: Robáil Bainc

#### Achoimre:

Tá tuairisc sna pictiúir seo ar eachtra a bhain do bheirt chailíní a chuaigh ar thuras lae go Baile Átha Cliath. Chonaic siad banc á robáil ag beirt ghadaithe a raibh gunnaí acu agus chuir siad fios ar na gardaí. Gabhadh na gadaithe.

**Pictiúr 1 : Bhí Áine sa bhaile agus gan tada le déanamh aici. Fuair sí téacs-theachtaireacht óna cara, Síle.**

Bhí Áine sa bhaile agus gan tada le déanamh aici. D'ól sí cupán tae. Is léir ó na cófraí feistithe atá crochta go hard ar an mballa gur sa chistin atá sí. Tá crocaí salainn is piobair le feiceáil ar bharr na gcófraí mar aon le hiarann smúdála nó túlán (citeal) leictreach. Pracar is dócha. Fuair Áine téacs-theachtaireacht óna cara, Síle. D'fhiafraigh Síle d'Áine ar mhaith léi dul ag siopadóireacht léi sa chathair ó tharla go raibh lá saor ag an mbeirt acu. Níor ghá an cheist a chur an dara huair. Rachadh Áine go Baile Átha Cliath ar shnáth síoda.

**Ceisteanna:**

- Cad atá á dhéanamh ag an gcaillín sa chéad pictiúr?
- Cén seomra ina bhfuil sí? Cá bhfios duit?
- Inis faoin teachtaireacht a fuair sí.

**Pictiúr 2 : Chuaigh siad beirt go dtí stáisiún na traenach.**

Chuaigh siad go dtí stáisiún na traenach. Bhí oifig na dticéad ar Ardán 2. Cheannaigh siad dhá thicéad fillte go Baile Átha Cliath. Ní raibh mórán daoine ann. Bhí seanbhean ina suí ag feitheamh ar an traen. Tar éis tamaill, tháinig an traen. Ceann úrnua ab ea í agus bhí sí go hálainn. Bhí an lá go breá brothallach. Ní raibh scamall sa spéir agus bhí an ghrian ag taitneamh.

**Ceisteanna:**

- Cén chaoi ar thaistil siad go Baile Átha Cliath?
- An raibh mórán daoine ag an stáisiún?
- Cén sórt aimsire a bhí ann?

**Pictiúr 3a : Níorbh fhada gur shroich siad lár na cathrach.**

Níorbh fhada gur shroich siad lár na cathrach. Shiúil siad suas Sráid Uí Chonaill agus iad ag breathnú ar fhuinneoga na siopaí móra. Na siopaí éadaí agus na seodóirí ach go háirithe. Chonaic siad dealbh Dhónaill Uí Chonaill, "An Fuascailteoir", (1775-1847), thíos ag bun na sráide. Thuas in aice le hArd-Oifig an Phoist bhí an Spuaic ag treá na spéire. Séadchomhartha é sin atá le feiceáil ó gach uile chearn den chathair. Bíonn solas lasta ar a bharr istoíche. D'inis Áine do Shíle go raibh an Spuaic trí chéad is a nócha a hocht (398 ) troigh ar airde. Bhí an tsráid plódaithe le daoine.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad nuair a shroich siad a gceann scríbe?
- Cad iad na séadchomharthaí a chonaic siad i lár na cathrach?
- An raibh mórán daoine ann?

**Pictiúr 3b: Um thráthnóna, bhí siad ag siúl ar an gcosán os comhair Banc na hÉireann nuair a thárla an eachtra.**

Um thráthnóna, agus an ghrian ag dul faoi, bhí an bheirt cailíní ag siúl ar an gcosán os comhair Banc na hÉireann. [Foirgneamh dhá urlár a bhí ann. Bhí ceithre cinn d'fhuinneoga thuas staighre agus trí cinn thíos.] Aisteach go leor ní raibh duine ná deoraí ag dul thar bráid ach iad féin amháin.

**Pictiúr 4a: Chonaic siad beirt ghadaithe ag rith amach doras an bhainc.**

Go tobann, chuala siad béicíl agus bagairt. Chonaic siad beirt fhear ag rith amach as an mbanc agus gunnaí ina lámha acu. Bhí púicín ag clúdach a n-aghaidh chun nach n-aithneodh aon duine iad. Bhí málaí móra airgid á n-iompar acu. Níor chuir siad suntas ar bith sna cailíní.

**Pictiúr 4b: Chuir Síle fios ar na gardaí.**

Cé go raibh siad scanraithe, agus faitíos a n-anma orthu, bhí a fhios acu ceard ba cheart a dhéanamh. Thóg Síle amach a fón póca go díscréideach agus chuir sí fios ar na gardaí.

**Ceisteanna (3b, 4a, 4b):**

- Cén sórt árais a bhí ag Banc na hÉireann?
- Cé a tháinig amach as an mbanc?
- Cén chaoi a raibh siad gléasta?
- Cén fáth a raibh feisteas mar sin orthu?
- Céard a rinne duine de na cailíní?

**Pictiúr 5a : Rinne na gadaithe iarracht éalú i gcarr ach chuir na gardaí a gcarr féin rompu mar bhac tráchta.**

Léim na bithiúnaigh isteach i gcárr éalaithe a bhí páirceáilte acu os comhair an bhainc ach sula raibh seans acu imeacht tháinig carr na ngardaí os a gcomhair mar bhac tráchta. D'oscail na bithiúnaigh fuinneog, shín gunna amach agus thosaigh ag lámhach is ag scaoileadh rois piléar leis na gardaí. Ba é deonú Dé é nár maraíodh duine acu. Bhí an t-ádh ar na gardaí go raibh veist piléardhíonach á caitheamh acu. Nuair a bhí an t-urchar deiridh caite ag na gadaithe b'éigean dóibh géilleadh.

**Pictiúr 5b: Rug na gardaí ar na gadaithe.**

Níor mhair an cath ró-fhada. Ba ghearr go raibh na piléir go léir caite ag na gadaithe agus go raibh siad gan armlón. Léim na gardaí amach as a gcárr féin. Rug siad ar na gadaithe, ghabh siad iad agus chuir siad glais láimhe orthu. Fuair siad an t-airgead go léir a goideadh ón mbanc.

**Ceisteanna:**

- Cén pleán a bhí ag na gadaithe chun éalú?
- Conas a cuireadh stop leo?
- Cad a tharla nuair a bhí armlón na ngadaithe ídithe?

**Pictiúr 6a: Ghabh na gardaí buíochas leis na cailíní.**



Thréaslaigh na gardaí a misneach leis na cailíní. Ghabh siad buíochas leo agus chraith siad lámh leo. D'inis siad dóibh go n-iarrfaí orthu bheith ina bhfinnéithe ar ball sa chúirt. Chaithfidis fianaise a thabhairt in aghaidh na ngadaithe. Ní raibh siad ró-shásta leis sin ach thoiligh siad é a dhéanamh.


### **Pictiúr 6b: Tugadh na gadaithe os comhair cúirte.**

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin tugadh na gadaithe os comhair cúirte. Nuair a chuala an breitheamh fianaise na ngardaí agus na gcailíní thug sé a bhreithiúnas ar an toirt. Bhí na buachaillí seo ciontach i ngadaíocht agus ghearr sé pionós orthu. Bhí na buachaillí scanraithe roimh an mbreitheamh mar fear aosta ab ea é, aghaidh fheargach air, agus peiriúic (bréagfholt) ar a cheann aige. Bhuail sé casúr ar an gclár os a chomhair (mar a dhéanfadh ceantálaí) nuair a thug sé a bhreith. B'shin deireadh leis an gcás.

### **Ceisteanna:**

- Céard a dúirt na gardaí leis na cailíní?
- Cén fáth ar iarr siad orthu teacht i láthair na cúirte nuair a bheadh an cás á phlé?
- Cad a tharla lá na cúirte?

## An Ghéarchéim Eacnamaíochta



### 5: An Ghéarchéin Eacnamaíochta

#### Achoimre:

Léiríonn an tsraith pictiúr seo tionchar na géarchéime eacnamaíochta ar dhaoine. Chaill Seán a phost. Níor éirigh leis ceann eile a fháil. B'éigean dó dul go Meiriceá.

**Pictiúr 1 : Chaill Seán agus a chairde a bpoist nuair a dúnadh an mhonarcha.**

Chaill Seán agus a chairde a bpoist nuair a dúnadh an mhonarcha ina raibh siad ag obair. Nuair a tháinig siad isteach an mháidin sin dúirt an bainisteoir leo dul abhaile arís. Toisc go raibh brabach an chomhlachta ag dul i laghad b'éigean ciorruithe a dhéanamh agus bhí an mhonarcha seo le dúnadh. Is cosúil go raibh níos lú earraí á ndíol i ngeall ar chúlú eacnamaíochta. Bhí an t-éileamh an-lag agus b'éigean dóibh éirí as táirgíocht na n-earraí sin. Fágadh Seán agus a chairde dífhostaithe.

#### **Ceisteanna:**

- Cad a dúirt an bainisteoir le Seán?
- Cén fáth a ndúirt sé é sin?
- Cén fhadhb a bhí ag an gcomhlacht?

#### **Pictiúr 2 : D'inis Seán an droch-scéal dá bhean.**

Nuair a tháinig Seán abhaile go luath bhí ionadh ar a bhean. Dúirt Seán go raibh droch-scéala faighte aige. Chuaigh siad isteach sa seomra suite. D'inis Seán an droch-scéal dá bhean. Dúirt sé go raibh a phost cailte aige agus go raibh an mhonarcha dúnta. Bhí an-bhrón ar a bhean. Lánúin óg ab ea iad. Is dócha go raibh an teach á cheannach acu agus go raibh morgáiste mór le hóc acu gach mí.

#### **Ceisteanna:**

- Cad a d'inis Seán dá bhean?
- Cén fáth nach raibh Seán ag obair?
- Cén fhadhb a bheidh ag Seán feasta?

#### **Pictiúr 3a : Chuardaigh Seán an t-Idirlíon a lorg poist.**

Chuardaigh Seán an t-Idirlíon a lorg poist. Bhí sé ag lorg fógraí ó fhostóirí a bheadh ag lorg oibríthe. Theip air aon rud a fháil. D'ullmhaigh sé CV agus sheol sé iarratais chuig comhlachtaí ach níor fhreagair siad.

#### **Pictiúr 3b : Thug sé cuairt ar láithreáin oibre ach ní raibh folúntais in aon áit.**

Tamall ina dhiaidh sin chuir sé a chulaith nua air agus thug sé cuairt ar láithreáin oibre. D'iarr sé cead labhairt leis an saoiiste i gceannas. Tháinig fear meánaosta chuige. Bhí clogad cruá á chaitheamh aige, féasóg ar a smig, gruaig liath air. Bhí suaitheantas á chaitheamh aige a raibh a ainm air. D'fhiafraigh Seán de an raibh folúntas ar bith aige. Dúirt sé leis nach raibh. Ní raibh folúntais in aon áit.

#### **Ceisteanna:**

- Cad é an chéad chuardach a rinne Seán?
- Cá ndeachaigh sé ansin?
- Cén cheist a chuir sé agus cén freagra a fuair sé?

#### **Pictiúr 4 : B'éigean do Sheán clárú leis an Roinn Coimirce Sóisialta agus Gnóthaí Teaghlaigh.**

B'éigean do Sheán clárú leis an Roinn Coimirce Sóisialta agus Gnóthaí Teaghlaigh. Bhí cúnamh dífhostaíochta ag dul dó. Maidin Dé Céadaoin chuaigh sé go dtí Oifig an Phoist chun an cúnamh dífhostaíochta a fháil. Bhí ionadh air go raibh slua ann roimhe. B'éigean dó fanacht i scuaine fada a bhí amuigh ar an gcosán os comhair doras na hoifige. Bhí náire ar a lán de na daoine. Ní raibh focal as aon duine acu. Bhí gach duine ina thost. Bhí idir fhir agus mhná ann, daoine óga a bhformhór.

**Ceisteanna:**

- Cad a rinne Seán chun airgead a fháil?
- Cá ndeachaigh sé chun airgead a fháil?
- An raibh mórán daoine ann? Déan cur síos orthu.

**Pictiúr 5 : Chonaic Seán agus a bhean go raibh beagnach leathmhilliún duine dífhostaithe.**

Oíche dá raibh Seán agus a bhean ina suí os comhair na teilifíse tháinig tuairisc faoin dífhostaíocht ar an scáileán. Dúirt an láithreoir go raibh ceithre chéad is a caoga míle duine dífhostaithe. [450,000] Thosaigh an bheirt acu ag caint agus ag plé an scéil. Dúirt Seán go raibh an milleán ar an Rialtas agus go gcaithfidis rud éigin a dhéanamh chun an fhadhb uafásach seo a réiteach.

**Ceisteanna:**

- Cad a bhí á dhéanamh ag Seán agus a bhean?
- Cad a chonaic siad?
- Cad a dúirt Seán faoi sin?


**Pictiúr 6 : B'éigean do Sheán dul ar imirce.**

B'éigean do Sheán dul ar imirce. Ní raibh an dara rogha aige. Chuaigh sé go hAerfort na Sionainne agus cheannaigh sé ticéad singil go Meiriceá ag deasc chláraithe Aer Lingus. Dúirt sé lena bhean go gcuirfeadh sé fios uirthi nuair a bheadh post aige agus nuair a bheadh áit chónaithe faighte. "Is mór an trua é ach níl aon dul as againn."

**Ceisteanna:**

- Cad é réiteach na faidhbe dar le Seán?
- Cad a bheartaigh sé?
- Cad faoina bhean?

## Comhoibriú an Phobail



### 6: Comhoibriú an Phobail

#### Achoimre

Tá tuairisc sna pictiúir seo ar phobal sráidbhaile a bhuaigh duais i gComórtas na mBailte Slachtmhara.

#### Pictiúr 1 : Thug beirt bhan faoi deara go raibh sráid an bhaile salach.

Lá dá raibh Nóra Ní Mhurchú agus Íde Ní Cheallaigh ag siúl síos príomhshráid an bhaile s'acu thug siad faoi deara nár scuabadh an tsráid le fada. Bhí bruscar den uile chineál caite ar na cosáin in gach aon áit. Bhí na boscaí bruscair féin ag cur thar maoil. Bhí buidéal, páipéar agus pacáistí le feiceáil ar fud na háite. Tháinig náire ar an mbeirt bhan go raibh siad ina gcónaí ina leithéid de bhréanlach. Brocais ghránna ab

ea an baile. Chuir an salachar déistin orthu agus chinn siad ar rud éigin a dhéanamh chun feabhas a chur ar an scéal.

**Ceisteanna:**

- Cad é an fhadhb a chonaic an bheirt bhan?
- Conas a mhothaigh siad faoin bhfadhb?
- Cad a bheartaigh siad?

**Pictiúr 2 : Labhair siad faoi ag cruinniú de Chomhairle Phobail an Bhaile.**

Labhair siad ag an gcéad chruinniú eile de Chomhairle Phobail an Bhaile. Tháinig slua mór agus d'éist siad go haireach le híde nuair a chuir sí fadhb an tsalachair ina láthair. Thug daoine tacaíocht di nuair a luaigh sí tábhacht na timpeallachta. Dúirt duine amháin go gcaithfí feabhas a chur ar an gcóras glantacháin ar an mbaile. Mhol seisean go gcuirfí meitheal oibre le chéile chun an baile a ghlanadh go deonach. D'iarr sé ar dhaoine teacht amach ar an Satharn dár gcionn. Mhol duine eile go ndéanfaí saol sóisialta mhuintir an bhaile a fheabhsú. Bhunaigh siad coiste chun bearta feabhsúcháin a phlé agus a chur i bhfeidhm.

**Ceisteanna:**

- Cé leis a ndearna sí gearán?
- Cad iad na moltaí a bhí ag daoine?
- Cad a chinn siad a dhéanamh?

**Pictiúr 3 : Ghlan buíon deonach an baile ó bhun go barr.**

Ghlan buíon deonach an baile ó bhun go barr. Bhí "glacaire" nó teanchair fhada ag gach duine acu chun an bruscar a phiocadh suas. Chaith siad lámhainní ruibéir chun a lámha a chosaint. Bhailigh siad an bruscar agus chuir siad an t-ábhar in-athchúrsáilte i málaí ar leith, páipéar i mála, buidéal ghloine i mála eile agus cannaí miotail i mála eile fós. B'iontach an difear a rinne siad. D'fhág siad an phríomhshráid glan néata slachtmhar tar éis a gcuid oibre. Bhí bród ar mhuintir an bhaile as a bpríomhshráid arís.

**Ceisteanna:**

- Cé a ghlan an baile?
- Cad iad na huirlisí a bhí acu?
- Conas a roinn siad an bruscar?

**Pictiúr 4a: D'eagraigh an Coiste Sóisialta ócáidí do sheanáirí an bhaile.**

D'eagraigh an Coiste Sóisialta ócáidí do sheanáirí an bhaile. D'éirigh thar barr leis an gcéad ócáid a chuir siad ar siúl, oíche cheoil is amhránaíochta. Chuaigh Íde agus a cairde isteach sa Teach Altranais ar an mbaile agus chan siad amhráin do na háitreamhaigh. Bhí mícreafón agus méadaitheoirí acu agus bhain na seandaoine an-taitneamh as an oíche.

**Pictiúr 4b: Thug siad cuireadh d'Oifigeach Caidrimh na nGardaí labhairt le Comhairle an Phobail agus le muintir na háite.**

Thug siad cuireadh d'Oifigeach Caidrimh na nGardaí labhairt le Comhairle an Phobail agus le muintir na háite. D'fhreastail slua breá ar an gcaint a thug sé agus bhain siad tairbhe as. D'inis sé dóibh faoin scéim

"Pobal ar Aire". Mhínigh sé dóibh go gcaithfidis go léir bheith san airdeall maidir le slándáil. D'iarr sé orthu súil a choinneáil ar thithe a gcomharsan agus scéala a chur chuig na gardaí dá bhfeicfidis rud ar bith as bealach.

**Ceisteanna:**

- Cad é an chéad imeacht a d'eagraigh an Coiste Sóisialta?
- Ar thaitin sé leis na sean-daoine?
- Cé a tháinig chun cainte le cruinniú de phobal an bhaile?
- Céard a mhol sé dóibh a dhéanamh?

**Pictiúr 5: An chéad bheart eile a chuir Comhairle an Phobail ar bun ná Ranganna Oíche.**

An chéad bheart eile a chuir Comhairle an Phobail ar bun ná Ranganna Oíche do dhaoine fásta, ranganna d'aosaigh. D'éirigh leo trí cinn de ranganna a chur ar siúl gach seachtain sa Phobalscoil áitiúil: cócaráil, ríomhaireacht, agus gairneoireacht agus luibheolaíocht. Bhain daoine an-sásamh as na ranganna oíche agus d'éirigh go breá leo.

**Ceisteanna:**

- Cad eile a chuir Comhairle an Phobail ar bun?
- Cad iad na hábhair a cuireadh ar fáil?
- Conas a d'éirigh leo?

**Pictiúr 6a: Bhuaigh an baile duais as an dul chun cinn a bhí déanta ag Comhairle an Phobail.**

Bhuaigh an baile duais as an dul chun cinn a bhí déanta ag Comhairle an Phobail. Ba é an beart deiridh a rinne Comhairle an Phobail ná cur isteach ar Chomórtas na mBailte Slachtmhara. Ní raibh súil acu le duais ar bith ach, iontas na n-iontas, bhuaigh siad duais €2,500 as bheith ar "An Baile Beag is Mó Feabhas". Ní gá a rá ach go raibh ríméad ar gach aon duine, ar Nóra agus ar Íde ach go háirithe. Bronnadh an duais ag ócáid cheiliúrtha in óstán mór agus chomh maith leis an seic fuair siad corn breá agus ainm an bhaile greanta air.

**Ceisteanna:**

- Cén comórtas ar ar chuir Comhairle an Phobail iarratas isteach?
- Cén duais a fuair siad?
- Cé mhéad airgid a fuair siad?

## Cuairt an Uachtaráin



### 7: Cuairt an Uachtaráin

#### Achoimre:

Seo tuairisc ar lá a tháinig an tUachtarán, Uachtarán na hÉireann, ar cuairt chuig scoil áirithe. Abraimís Coláiste Phádraig, iarbhunscoil chomhoideachais.

#### Pictiúr 1a : Bhíodh cruinniú ag Comhairle na nDaltaí gach Máirt.

Bhí sé de nós ag Comhairle na nDaltaí cruinniú a bheith acu gach Máirt ag a ceathrú tar éis a haon agus bhí ionadaithe ó na ranganna go léir ar an gcomhairle seo. Bhí dalta sinsearach as an séú bliain ina Cathaoirleach. Bhí idir bhuachaillí agus chailíní ar an gComhairle.

#### Ceisteanna:



- Cén fáth a bhfuil na scoláirí seo bailithe le chéile?
- Cé mhéad scoláirí atá i láthair?
- Cathain a bhuaileann siad le chéile mar seo?

### **Pictiúr 1b : D'iarr siad cead ar an bPríomhóide.**

Ag an gcruinniú áirithe seo chinn siad ar chead a iarraidh ar an bPríomhóide cuireadh a thabhairt don Uachtarán teacht ar cuairt chuig an scoil. Thug an Príomhoide cead dóibh agus fáilte. Dúirt sí leo litir a scríobh chuig an Uachtarán.

#### **Ceisteanna:**

- Cén fáth a ndeachaidh an Cathaoirleach go dtí an Príomhoide?
- Ar thug an Príomhoide cead dóibh?
- Cad a dúirt sí leo a dhéanamh?

### **Pictiúr 2 : Fuair siad freagra ó Áras an Uachtaráin.**

Scríobh siad an litir. Sheol siad chun bealaigh é. Cúpla seachtain ina dhiaidh sin tháinig litir agus clárseach air chuig Cathaoirleach Chomhairle na nDaltaí. Freagra ón Uachtarán ab ea í. Ghlac sé leis an gcuireadh. Bhí an tUachtarán sásta teacht. Bhí ríméad ar bhuaicillí agus ar chailíní na Comhairle.

#### **Ceisteanna:**

- Cé uaidh a bhfuair Comhairle na nDaltaí litir?
- An dea-scéal nó droch-scéal a bhí sa litir?
- Cad é lógó an Uachtaráin?

### **Pictiúr 3 : Thosaigh gach duine, tuistí, daltaí, agus múinteoirí, ag ullmhú.**

D'iarr Cathaoirleach na Comhairle comhoibriú ar na tuistí, ar na daltaí agus ar na múinteoirí. Tugadh é sin go fial. Thosaigh gach duine ag obair. An chéad rud ab éigin dóibh a dhéanamh ná an halla mór a ghlanadh agus a chóiriú don lá. Ba é an 17 Eanáir, 2014, an lá a socraíodh do chuairt an Uachtaráin. Chuaigh daoine ar an ardán agus shocraigh siad mícreafón agus crannóg agus cathaoireacha do na "maithe agus mór-uaisle". Leag daoine eile cathaoireacha amach thíos ar urlár an halla do na haíonna a bheadh i láthair. Chuaigh daoine eile timpeall le scuaba ag scuabadh an urláir, agus ar ndóigh, d'ullmhaigh rannóg na hEacnamaíochta Baile ceapairí agus sólaistí deasa do na haíonna.

#### **Ceisteanna:**

- Cé uaidh ar iarr Cathaoirleach na Comhairle cabhair?
- Cén lá a socraíodh do chuairt an Uachtaráin?
- Cad a rinne Rannóg na hEacnamaíochta Baile?

### **Pictiúr 4: Tháinig an tUachtarán.**

Tháinig an lá ar deireadh, ach, mo léan, ní raibh an aimsir go maith. Bhí sé ag stealladh báistí. Mar sin féin rinne siad a ndícheall searmanas beag a bheith acu agus fáilte a chur roimh an Uachtarán. Bhí scáth fearthainne in airde ag gach aon duine. Tháinig an tUachtarán ina charr oifigiúil a raibh bratach bheag ar foluain air. Bhí oifigeach airm in éineacht leis mar Aide-de-Camp.

Chuaigh an Príomhoide amach chuige. Chraith sí lámh leis agus chuir sí fáilte roimhe. Sheas daltaí i nGárda Onóra ón gcárr go dtí doras na scoile. Bhí siad féisithe go deas in éide na scoile - carbhat agus léine agus geansaí a raibh suaitheantas nó sciath air agus mana na scoile scríofa air.

**Ceisteanna:**

- Cén fáth a raibh scáth fearthainne ag gach duine?
- Cé a bhí in éineacht leis an Uachtarán?
- Conas a d'aithneofaí carr an Uachtaráin?

**Pictiúr 5a: Thug Cathaoirleach Chomhairle na nDaltaí óráid.**

Sheas Cathaoirleach Chomhairle na nDaltaí sa chrannóg agus labhair sí. Chuir sí í féin in aithne don Uachtarán. Thug sí óráid ghearr. Chuir sí fáilte roimh an Uachtarán. Mhínigh sí an fáth gur thug siad cuireadh dó teacht. Rinne sí cur síos ar obair na scoile agus ar na hábhair a bhí á múineadh ann agus na háiseanna a bhí ar fáil do na daltaí. Liostáil sí na himeachtaí iarscoile a bhí á n-eagrú agus mhol sí gach duine a bhí páirteach iontu. Ghaibh sí buíochas leis na múinteoirí, leis na tuismitheoirí agus lena comhdhaltaí as a gcomhoibriú.

**Ceist:**

- Cé a labhair i dtosach?
- Cad a dúirt sí leis an Uachtarán?
- Cén cur síos a rinne sí ar an scoil?

**Pictiúr 5b: Labhair an tUachtarán.**

Tar éis tamaill, chuaigh an tUachtarán suas ar an árdán. Sheas sé ag an gcrannóg agus ghabh sé buíochas leis na daltaí as an gcuireadh. Mhol sé obair na scoile agus dúirt sé go raibh sé an-sásta bheith ansin. Thréaslaigh sé an Cathaoirleach as óráid bhreá a thabhairt.

**Ceisteanna:**

- Cad a dúirt an tUachtarán?
- Cad a cheap sé faoi óráid an Chathaoirligh?

**Pictiúr 6a: Chuir an scoil taispeántas ceoil agus damhsa ar an árdán.**

Tar éis an tsearmanais, shuigh gach aon duine sa halla agus chuir buíon ceoil na ndaltaí taispeántas ceoil agus damhsa ar an árdán. Bhain gach duine an-taitneamh as sin.

**Pictiúr 6b: Ar deireadh bhí sólaistí ar fáil.**

Ansin d'éirigh an comhlúadar agus chuaigh siad chuig na boird mar a raibh sólaistí ar fáil. Bhí tae, caifé agus milseoga deasa, ceapairí, bonnóga agus cístí beaga ar fáil go fliúirseach. Bhí gach aon duine thar a bheith sásta leis an ócáid. Chloisfeá daoine ag rá gur lá stairiúil ab ea é agus go raibh ócáid den scoth acu agus gur eagraigh Chomhairle na ndaltaí é go léir go han-mhaith.

**Ceisteanna:**

- Cad a tháinig tar éis na n-óráidí?

- Cad é an mhír deireanach ar an gclár?
- Cad a bhí á rá ag gach duine?

## Cuairt ar Aintín i Nua-Eabhrac



### 8: Cuairt ar Aintín i Nua-Eabhrac

#### Achoimre:

Tá tuairisc sa tsraith pictiúr seo ar chuairt a thug máthair agus iníon ar Nua Eabhrac tar éis dóibh duais a bhuaich sa Chrannchur Náisiúnta.

#### Pictiúr 1 : Bhuaigh máthair Mháire duais sa Chrannchur Náisiúnta.

Bhí Máire agus a máthair ag féachaint ar an teilifís. Tháinig an Crannchur Náisiúnta ar an scáileán. Tharla go raibh ticéad ceannaithe acu agus d’fhan siad ar na huimhreacha a thiofadh as an druma iomrothlaithe. Ba iad na huimhreacha a tarraingíodh ná a dó, a sé, a ceathair déag, a naoi déag, fiche trí agus tríocha sé. Lig máthair Mháire scread aisti. “Ní chreidim é seo! Tá duais buaite agam. An chéad duais!”

### **Ceisteanna:**

- Cad atá ina lámh ag máthair Mháire?
- Cén fáth a bhfuil áthas uirthi?
- Cad atá ar siúl ar an teilifís?

### **Pictiúr 2a : Scaip Máire an dea-scéal ar a fón póca.**

Thóg Máire amach a fón póca agus thosaigh sí ag téacsáil chuig a cairde agus ag fógairt dóibh go léir gur tháinig an t-ádh orthu, gur bhuaigh a máthair an chéad duais sa Chrannchur .

### **Pictiúr 2b : Chuir Máire téacs-theachtaireacht chuig a haintín Nóra i Nua Eabhrac.**

Chuir sí scéala chuig deirfiúr a máthar, Aintín Nóra, i Nua Eabhrac. Dúirt Máire léi go raibh an t-ádh orthu mar gur bhuaigh Mam an chéad duais sa Chrannchur Náisiúnta. Ní gá a rá ach go raibh ríméad ar an aintín. Thug sí cuireadh dóibh teacht go Nua Eabhrac.

### **Ceisteanna:**

- Cad atá á dhéanamh ag Máire?
- Cé chuige ar sheol sí teachtaireacht?
- Cá raibh a haintín ina cónaí?

### **Pictiúr 3: Phléigh an mháthair agus an iníon an cheist cad a dhéanfaidís leis an airgead.**

Is ansin a bhí an cheist le réiteach ag Máire agus a máthair. Cad a dhéanfaidís leis an airgead, leis an duais mhór a bhí buaite acu?

- An chéad rud a dúirt an mháthair ar ndóigh ná gur cheart dóibh beagán a thabhairt do Thrócaire. Ba mhaith léi airgead a thabhairt do charthannacht éigin chun fóirhint ar bhochtáin.
- An dara rud ansin rith sé léi go bhféadfaidís teach níos fearr a thógáil, teach galánta. Tá samhail nó íomhá den teach atá ar aigne aici le féiceáil sa phictiúr, teach dhá urlár, le seomraí móra fairsinge, gáirdín álainn agus linn snámha os a chomhair.
- Ach an triú rud a bhféadfaidís a dhéanamh ná cuairt a thabhairt ar a deirfiúr, Nóra, aintín Mháire, i Nua Eabhrac.

### **Ceisteanna:**

- Cad é an cheist a chuir a máthair ar a hiníon?
- Cad é an chéad smaoineamh a bhí ina haigne féin?
- Cén sort tí ar mhaith léi?

### **Pictiúr 4a: Chuaigh siad ar eitleán go Nua Eabhrac.**

Chinn siad ar chuairt a thabhairt ar Aintín Nóra i Nua Eabhrac. Ba ghearr go raibh siad thuas sa spéir ar bord eitleáin ag gluaiseacht i dtreo Aerfort JFK. Bhí an ghrian ag taitneamh go láidir sa spéir ghlan ghorm. Ní raibh mórán scamall le feiceáil. Bhí siad ar a mbealach go dtí Aintín Nóra i Nua Eabhrac.

### **Pictiúr 4b: Chuir Aintín Nóra fáilte rompu san aerfort.**

Tar éis eitilt sé uair a chloig thuirling siad in Aerfort JFK. Fuair siad tralaí chun na málaí go leir a iompar. Nuair a tháinig siad amach as Halla na bPaisinéirí a bhí ag Teacht bhí Nóra ansin chun fáilte mhór chroíúil a chur rompu. Dúirt sí go raibh lúchair uirthi iad a fheiceáil.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad?
- Conas a thaistil siad?
- Cé a chas orthu ag an aerfort?

**Pictiúr 5a: Bhí béile breá acu an oíche sin.**

An oíche sin bhí dinnéar breá Iodáileach-Meiriceánach acu, píotsa piobarónaí agus sailéad mar aon le gloine fíona. Is léir go raibh an aintín ina cónaí in árasán, thuas go hard i bhfoirgneamh spéire. Tá fuinneog mhór ar an seomra bia óna bhfuil radharc iontach ar fhoirgnimhs arda Nua Eabhrac. Tithe spéire a thugtar orthu seo mar tá siad chomh hard sin.

**Ceisteanna:**

- Cá raibh an aintín ina cónaí?
- Cén sort béile a bhí acu?
- Cad é an radharc a bhí le feiceáil acu?

**Pictiúr 5b: Chuaigh siad ag siúl i lár na cathrach.**

An lá dar gcionn, chuaigh an triúr acu isteach go lár na cathrach go Broadway (An Bóthar Leathan). Chonaic siad na hamharclanna agus teidil na ndrámaí agus na seónna ar bhí ar siúl iontu. Bhí cuid de na seónna sin ar siúl ar feadh na mblianta fada. Cheap Máire go raibh an áit dochreidte. Ba maith léi dul chun Mama Mia a fheiceáil.

**Ceisteanna:**

- Cad é an chéad áit a ndeachaigh siad?
- Cad a chonaic siad?
- Cad a cheap Máire faoin áit?

**Pictiúr 6a : Chuaigh siad ar bhus na dturasóirí.**

Thóg siad bus gan díon, bus na dturasóirí, ar thuras timpeall na cathrach chun go bhfeicfidis na séadchomharthaí go léir. Dhá áit a chonaic siad ná stocmhalartán Nua Eabhrac, áit bhrónach go leor do dhaoine a chaill airgead sa chúlú eacnamaíochta, agus Láthair a Naoi a hAondéag, mar a raibh an t-Ionad Tráchtála Domhanda lonnaithe. Leagadh go talamh é in ionsaí sceimhlitheoireachta nuair a buaileadh na foirgnimh mhóra sin le heitleáin. Maraíodh na daoine go léir sna heitleáin chomh maith leis na mílte duine a bhí sna foirgnimh. Sléacht uafásach ab ea é.

**Ceisteanna:**

- Conas a chaith siad an lá?
- Cén sort bus a bhí acu?
- Cad a chonaic siad?

**Pictiúr 6b : Thug siad cuairt ar na siopaí móra.**

Lá eile, chuaigh siad ag siopadóiracht agus thug siad cuairt ar cheann de na siopaí is cáiliúla ar domhan, Siopa Macy, Macy's . Chaith siad lá taitneamhach i mbun siopadóireachta.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad tar éis teacht den bhus?
- Cén siopa a ndeachaigh siad chuige?
- Ar cheannaigh siad rud ar bith?

## Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France



### 9: Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France

#### Achoimre:

Chuaigh triúr buachaillí go cluiche rugbaí i Stade de France i bPáras chun Éire a fheiceáil ag imirt in aghaidh na Fraince.

#### Pictiúr 1 : Chinn triúr cairde dul go cluiche rugbaí i bPáras na Fraince..

Bhí an triúr cairde seo ag ithe lóin i gceaintín na scoile nuair a luaigh duine acu go mbeadh Éire ag imirt i gcluiche idirnáisiúnta rugbaí i bPáras Dé Sathairn. An Satharn ina dhiaidh sin. Chinn siad ar dhul go dtí an cluiche. Scoil do bhuachaillí amháin í seo agus bhí sainéide dá gcuid féin acu. Bhí léine agus carbhat, bríste agus geansaí á gcaitheamh acu. Bhí sciath agus mana na scoile ar an ngeansaí. Maidir leis an mbéile a fuair siad sa cheaintín, ní dóigh liom gur béile ró-fholláin é. Is cosúil gur burgair – lán de shail is



de gheir – a bhí á n-ithe acu agus gur gloine cóc nó gloine de dheoch mianrúil éigin a bhí á ól acu.[Ar ndóigh, ar an dtaobh eile dhe, tharlódh gur panini sailéid a bhí acu?]

**Ceisteanna:**

- Cén t-ábhar comhrá a bhí ag na buachaillí?
- Cá raibh siad?
- Cad a bhí á dhéanamh acu?

**Pictiúr 2 : D'eitil siad ó Aerfort Bhaile Átha Cliath.**

Maidin Dé Sathairn, chuaigh siad go dtí aerfort Bhaile Átha Cliath go moch. Ní raibh de bhagáiste acu ach mála droma an duine mar ní raibh [sé] ar intinn acu fanacht thar oíche.

**Ceisteanna:**

- Cad a bhí beartaithe ag na buachaillí?
- Conas a thaistil siad?
- Cén bagáiste a bhí acu?

**Pictiúr 3 : Chuaigh siad ar chamchuart timpeall na cathrach.**

Níorbh fhada go rabhadar i lár chathair Phárais. Chun an t-am a mheilt go dtí am tosaithe an chluiche thóg siad turas mórthimpeall ar lár na cathrach ar bhus gan díon - bus turasóireachta. Chonaic siad an Túr Eiffel – ceann de shéadchomharthaí cáiliúla Phárais i lár na cathrach.

**Ceisteanna:**

- Conas a chaith siad an mhaidin?
- Cad a chonaic siad?
- Cén sórt bus a bhí acu?

**Pictiúr 4a: Shiúil siad timpeall ar Áirse na Caithréime agus Uaigh an tSaighdiúra Anaithnid.**

D'fhág siad an bus agus chuaigh siad ag spaisteoireacht timpeall ar áirse mhór, l'Arc de Triomphe, Áirse na Caithréime, a tógadh i gcómóradh ar na saighdiúirí go léir a cailleadh i gcogaí na Fraince. Tá uaigh an tSaighdiúra Anaithnid faoin áirse sin. Coinnítear lasair bheag ar lasadh ansin go síoraí seasta in omós do na saighdiúirí go léir a throid is a fuair bás ar son na Fraince. Shíl na buachaillí go raibh an ailtireacht go hálainn.

**Pictiúr 4b: Amach leo go Stade de France agus isteach leo i siopa earraí spóirt.**

Amach leo go Stade de France agus isteach leo i siopa spóirt áit a raibh neart cuimhneacháin ar díol, broga rugbaí, geansaithe, scátaí agus liathróidí ubhchruthacha rugbaí. Bhí gach uile short ann a bhain le spórt.

**Ceisteanna:**

- Cén radharc a chonaic siad?
- Cá ndeachaigh siad roimh an gcluiche?
- Cad a bhí ar díol ansin?

### **Pictiúr 5: Chuir an chéad leath den chluiche díomá orthu.**

Bhí slua ollmhór istigh. Bhí díomá ar lucht leanúna na hÉireann nuair a tháinig an sos leath-ama mar ní raibh scóráilte ag an bhfoireann s'acusan ach trí phointe. Bhí dhá cheann déag ag an Fhrainc. Bhí an Fhrainc go mór chun tosaigh ar Éirinn.

#### **Ceisteanna:**

- An raibh mórán daoine i láthair?
- Cén fáth a raibh lucht leanúna na hÉireann an-chiúin?
- Cad é an scór a bhí ann ag leath-ama?

### **Pictiúr 6a: Tháinig feabhas ar Éirinn sa dara leath.**

Ach sa dara leath d'éirigh le hÉirinn buntáiste a bhaint as an gcéad chlibirt agus d'imir siad go hiontach. Bhí siad snasta fuinniúil.

### **Pictiúr 6b: Ghnóthaigh Brian Ó Drisceoil úd.**

Ghnóthaigh Brian Ó Drisceoil úd tar éis dó briseadh trí líne cosanta na Fraince.

#### **Ceisteanna:**

- Conas a d'éirigh le hÉirinn sa chlibirt?
- Cén fáth ar thosaigh lucht leanúna na hÉireann ag béiceadh is ag gárthaíl?
- Ar imir Éire go maith sa dara leath?

### **Pictiúr 7a : Shlánaigh Rónán Ó Gadhra an t-úd.**

Shlánaigh Rónán Ó Gadhra an t-úd. Sa dara leath bhí Éire sa treis an t-am uilig. Bhí an bua á fháil acu ar an Fhrainc. Bhí siad ag sárú na Fraince i ngach áit ar fud na páirce.

### **Pictiúr 7b : Bhuaigh Éire an cluiche.**

Bhí lúcháir ar na buachaillí go rabhadar i láthair chun a leithéid de bhua stairiúil a fheiceáil. Ag deireadh an chluiche bhí Éire sé phointe chun tosaigh ar an Fhrainc. Bhí na Gaeil ag canadh in ard a gcinn is a ngutha. Ba é an scór a fuair siad ná aon phointe is fiche d'Éirinn agus cúig phointe déag don Fhrainc. Bhuaigh Éire agus farasbarr sé phointe acu.

#### **Ceisteanna:**

- Conas a fuair Éire pointí breise?
- Conas a mhothaigh na buachaillí sa dara leath?
- Cén toradh a bhí ar an gcluiche?

## Drochaimsir an Gheimhridh – Athrú Aeráide



### 10: Drochaimsir an Gheimhridh - Athrú Aeráide

#### Achoimre:

Léirítear sa tsraith pictiúr seo go bhfuil fianaise ann go bhfuil an aeráid ag athrú agus go bhfuil cúis mhaith ag daoine inní a bheith orthu go bhfuil ár dtimpeallacht ar an domhan seo ag athrú.

**Pictiúr 1 : Chonaic lánúin clár ar an teilifís a mhaigh go raibh an aeráid ag athrú le cúpla bliain anuas.**

Bhí lánúin ina suí os comhair na teilifíse. Ar an scáileán bhí fógra le haghaidh “Prime Time” á rá go mbeadh clár faisnéise á léiriú go bhfuil athrú aeráide ag tarlú. Sa chomhrá idir an lánúin deir an bhean gur fadhb chasta í agus nach rud simplí é. D'aontaigh a fear léi agus thosaigh sé ag smaoineamh siar ar an gcaoi ar athraigh an aimsir le blianta beaga anuas lena linn féin.

#### Ceisteanna:

- Cad a bhí á dhéanamh ag an mbeirt sa phictiúr seo?
- Cén sórt cláir a chonaic siad?
- Cad a chuir inní orthu?

**Pictiúr 2: D'aontaigh an bheirt leis an tuairim sin. Smaoinigh siad ar oíche fhuar ar thit folc trom sneachta.**

Mar shampla dúirt an fear nach ró-fhada ó shin ó thaispeáin an teirmiméadar teocht an-íseal ag lúide ocht gcéim Celsius. Ba chuimhin leis an lánúin seo oíche gheimhridh ar thit folc trom sneachta agus ar fhan sé ar an talamh ar feadh i bhfad sular tháinig an choscairt. Bhí brat sneachta ar gach aon rud, ar dhíonta na dtithe, ar na claíocha, ar na páirceanna agus ar na bóithre. Bhí leac oighir faoin sneachta sna haibhneacha agus ar na lochanna.

**Ceisteanna:**

- Ba chuimhin leis an bhfear rud éigin a bhain leis an gclár. Cad é?
- Cén teocht a bhí ann an oíche sin?
- Cén fáth nach raibh daoine amuigh?

**Pictiúr 3a: Reoigh an t-uisce sa bhfuacht. Phléasc píopaí nach ndearnadh insliú orthu. Thosaigh an t-uisce ag sileadh nuair a tháinig an choscairt.**

Rinneadh go leor damáiste do thithe cónaithe mar phléasc píopaí leis an gcoscairt. Nuair a reonn uisce méadaíonn ar a thoirt agus bristear píopaí mura bhfuil insliú déanta. Tharla sé sin in áiléar an tí. Fiú amháin má tá insliú déanta ar an díon os cionn na síléala is áit an-fhuar í an t-áiléar féin thuas faoi fhraitheacha an tí, -- thuas faoi na sclátaí, -- agus ba chóir go mbeadh na píopaí féin inslithe chomh maith. Sa phictiúr seo feicimid píopa a phléasc agus an damáiste a rinneadh don tsiléail thíos faoi nuair a d'ardaigh an teocht agus nuair a choscair an leac oighir agus an sneachta. Thit uisce síos tríd an teach agus maosadh an tsiléail, na ballaí, an troscán agus an t-urlár. Cá bhfios céard é an damáiste a rinneadh sa chás sin.

**Pictiúr 3b: Dheisigh pluiméir an damáiste ach chosain sé a lán airgid ar mhuintir an tí.**

Ansin b'éigin fios a chur ar phluiméir chun an píopa a dheisiú. Tháinig seisean ar ball i veain bheag a raibh graifíc de sconna silteach ar a chliathán. Ghearr an pluiméir táille as a chuid taistil, as a chuid ama, as a scileanna mar cheárdaí, gan trácht ar chostas a chuid uirlisí. Chuir sé sonrasc chucu ar dhá chéad punt as an deisiúchán. Ar ndóigh nuair a d'éiligh siad an tsuim sin ar lucht an árachais cuireadh lena gcostais árachais féin. Ardaíodh praghas an árachais as sin amach orthu chun an t-airgead a tugadh dóibh a fháil ar ais uathu.

**Ceisteanna:**

- Cén fáth a bpléascann píopaí uisce sa gheimhreadh?
- Cad is ceart a dhéanamh chun é sin a stopadh?
- Cé a dheisigh an damáiste?
- Cé mhéad a chosain an obair sin?

**Pictiúr 4: Ba mhinic a leag gálaí gaoithe crainn le hais an bhóthair.**

De bhreis ar an teocht íseal ba chuimhin leis an lánúin seo ocáidí nuair a bhíodh stoirmeacha fíochmhara ann agus gálaí gaoithe ag séideadh agus go mbíodh crainn á leagan. Ba mhinic gur tharla droch-thimpistí de dheasca crainn a bheith ag titim. Dá dtitfeadh crann a bheadh ag fás le taobh an bhóthair scriosfadh sé carr agus mharódh sé daoine dá mbeidis ag dul thar bráid. B'olc an toradh a bheadh ar a leithéid sin. Dar leo gur tharla a leithéid uair nó dhó le tamall anuas i rith an Gheimhridh.

**Ceisteanna:**

- Cad eile a thárla an bhliain sin?
- Cén dochar a rinne siad?
- Cad is féidir a dhéanamh chun an chontúirt seo a laghdú?

#### **Pictiúr 5a: Ba mhinic a bádadh áiteanna i gCorcaigh faoi thuilte.**

Rud eile a bhíodh ag tarlú agus a bhfaighimid tuairiscí go minic orthu, tuilte. Is minic agus is ró-mhinic a bhíonn droch-thuilte i gCorcaigh. Chuaigh na haibhneacha thar maoil agus teach ar bith nó baile ar bith a bhí suite ar thalamh íseal in aice le habhainn loiteadh iad. Scrios na tuilte iad. Is léir ón bpictiúr seo gurbh éigean do lucht tarrthála na seirbhísí áitiúla fóirithint ar dhaoine aosta. Chuaigh siad isteach chucu i mbáid bheaga chun iad a thógáil amach agus a thabhairt go dtí áit shábháilte ar thalamh tirim.

#### **Pictiúr 5b: Chonacthas tuilte den chineál céanna i mBaile Átha Cliath.**

Tharla an rud céanna i mBaile Átha Cliath. Phléasc aibhneacha amach thar a mbuacha agus d'éirigh an t-uisce aníos cúig through os cionn léibheál an bhóthair. Níorbh fhéidir le carranna dul ó áit go háit i ngeall ar na bóithre a bheith faoi uisce. Rinneadh damáiste uafásach sa chathair do na tithe a loiteadh sna tuilte.

#### **Ceisteanna:**

- Cén fáth a raibh muintir Chorcaí agus muintir Bhaile Átha Cliath an-mhí-shásta?
- Cad a thárla? Cén dochar a rinne na tuilte?
- Cad ab éigean do na seirbhísí áitiúla a dhéanamh?
- Cén sórt daoine a bhí i gcruachas?

#### **Pictiúr 6a: Mar gheall ar thruailliú na timpeallachta tá poll tagtha sa bhrat cosanta ózóin atá mórthimpeall ar an domhan.**

Deir saineolaithe go bhfuil poll tagtha sa tsraith ózóin. Brat cosanta is ea an tsraith ózóin atá tuairim is fiche nó tríocha ciliméadar os cionn dromchla an domhain. Déanann an tsraith ózóin an domhan a chosaint ar gathanna na gréine ach leis na gásanna díobhálacha agus eisleadh deataigh srl atá á tháirgeadh ar an domhan tionsclaíoch tá an tsraith ózóin sin á scriosadh ag an gcine daonna. Dá dheasca sin beidh na gathanna gréine sin ag déanamh damáiste don aeráid. Tá an domhan á théamh ag an ngrian. Tá sé ag éirí níos teo. Talamh a bhíodh méith torthúil tráth dá raibh tá sé anois ina ghaineamhlach. Tá an Sahara ag leathadh agus tá deisceart na Spáinne gan uisce. Tá an fhadhb le feiceáil go soiléir.

#### **Pictiúr 6b: Tá an t-oighear ag leá sa dá mhol, an Mol Thuaidh agus an Mol Theas.**

Sa phictiúr deireanach feicimid na cnapáin oighir ag an Mol Thuaidh agus an Mol Theas. Is léir go bhfuil siad ag leá agus go bhfuil cnapáin bheaga ag titim díobh agus ag imeacht ar snámh sa bhfarraige síos go dtí na huiscí teo. De réir mar a leáitear oighear na Mol ardaítear leibhéal na farraige agus báitear talamh íseal ar fud an domhain.

Admhaíonn an lánúin go bhfuil seans maith ann go bhfuil a dtimpeallacht féin i mbaol. Creideann siad go bhfuil an comhshaol timpeall orthu ag athrú agus go bhfuil athrú aeráide ag teacht. Aontaíonn siad anois gur léirigh an droch-aimsir a bhí á fheiceáil acu le gairid go bhfuil ciseal an ózóin á scrios ag an gcine daonna.

#### **Ceisteanna:**

- Cad é an chosaint atá timpeall ar an domhan in aghaidh gathanna na gréine?
- Cad é an fhadhb a bhaineann leis?
- Cén tionchar atá ag an athrú aeráide ar thalamh méith?
- An raibh baint ag an droch-aimsir leis an scéal?

## Breite ar Scoil



### 11: Breite ar Scoil

#### Achoimre:

Tá tuairisc sa tsraith pictiúr seo ar chailín a dtabharfaidh mé Anna uirthi. D'éirigh sí tinn ar scoil tar éis di bheith amuigh ag damhsa go déanach an oíche roimhré. B'éigean don Phríomhoide fios a chur ar dhochtúir chun cóir leighis a chur uirthi.

**Pictiúr 1a : Chuaigh Anna agus a cara Máire chuig dioscó agus d'fhan siad déanach.**

Sa phictiúr seo feicimid grúpa cailíní agus buachaillí ag baint taitnimh as damhsa ag dioscó, Anna agus Máire ina measc. Bhí siad ag damhsa agus ag freagairt do rithim an cheoil, ag caint agus ag gáirí. Cé go raibh an halla dorcha bhí soilse ioldaite ag spréacharnaigh timpeall orthu ó liathróid mhór ghloine a bhí

ar crochadh ón tsíleáil agus ag casadh go mall. Is léir gur ócáid dheas thaitneamhach a bhí inti, ócáid a thaitin go mór le hAnna. D'fhan sí féin agus a cara ann go dtí an nóiméad deiridh.

**Ceisteanna:**

- Cad a bhí ar siúl ag na cailíní agus ag na buachaillí sa phictiúr seo?
- Cad a bhí le cloisteáil acu?
- Cad a bhí le feiceáil acu?

**Pictiúr 1b : Bhí ocras orthu ina dhiaidh agus cheannaigh siad smailc.**

I ndiaidh an dioscó chuaigh siad chuig bialann mear-bhia, áit ina bhfaighidís smailc nó greimín gasta. Ar an gclár thuas ós cionn an chuntair bhí liosta de na "greimíní" a bhí ar fáil agus na praghasanna. Burgair feola agus cáise agus sceallóga is mó a bhí ar díol acu. Cheannaigh Anna agus Máire burgar agus sceallóga agus deoch mianrúil an duine. Níorbh é an bia ba shláintiúla ar domhan é ach ba chuma leo. Bhí ocras orthu tar éis an damhsa. Shuigh siad ag bord sa bhialann. Ní bhfuair siad scian ná forc agus b'éigean dóibh an bia a ithe óna méara. D'ól siad an deoch trí shoipín.

**Ceisteanna:**

- Cad a bhí orthu tar éis an dioscó?
- Cá ndeachaigh siad?
- Cad a cheannaigh siad?

**Pictiúr 2 : Nuair a dhúisigh Anna bhí sí tinn. Mhóthaigh sí go huafásach.**

Bhí go maith agus ní raibh go holc go dtí an mhaidin dár gcionn. Bhuail clog aláraim Anna ag a seacht a chlog. Nuair a dhúisigh sí ní raibh sí ag aireachtáil go maith. Mhóthaigh sí go huafásach. Bhí a súile sramach. Bhí a srón smaioseach. Bhí pian ina scórnach agus bhí tinneas cinn uirthi. Scairt sí ar a máthair agus dúirt sí léi go raibh sí lag traochta agus nach bhféadfadh sí dul ar scoil an lá sin.

**Ceisteanna:**

- Cad a dhúisigh Anna?
- Conas a mhóthaigh sí?
- Cad a dúirt sí lena máthair?

**Pictiúr 3a: Chuir a máthair iallach uirthi éirí agus dul ar scoil.**

Ní raibh trua dá laghad ag a mam di. Spriúch sí. Thug sí scalladh teanga dá hiníon. Dúirt sí léi éirí go tapaidh, a cuid éadaí scoile a chur uirthi, agus imeacht léi ar scoil. Dúirt sí léi gur mhór an náire dhi a bheith amuigh deireaneach an oíche roimhe sin agus nach raibh trua, taise ná trocaire tuillte aici fiú má bhí sí ag aireachtáil go dona.

**Pictiúr 3b: B'éigean d'Anna fanacht ar an mbus agus an bháisteach ag stealladh anuas uirthi.**

Amach le hAnna ar an mbóthar chun fanacht ar an mbus scoile. Ar an drochuair dí, bhí an mhaidin fliuch. Bhí sé ag stealladh báistí. An cailín bocht, b'éigean di fanacht sa bháisteach gan scáth fearthainne ná foscadh. Ní raibh cóta uisceadhónach uirthi fiú. Mar bharr ar an donas bhí lochán uisce os a comhair ag



colbha an chosáin agus nuair a tháinig an bus scairdeadh steall uisce aníos uirthi. Bhí sí maosta agus í ag dul isteach ar an mbus.

**Ceisteanna:**

- An raibh trua ag a máthair d'Anna?
- Cad a dúirt sí léi?
- Cén fáth a raibh Anna ina seasamh sa bháisteach?

**Pictiúr 4: D'éirigh sí tinn ar scoil.**

B'éigin d'Anna scrúdú tíreolaíochta a dhéanamh an mhaidin sin. Le linn di a bheith ina suí sa halla scrúdaithe d'airigh sí go dona. Is léir ón dreach gruama a bhí ar a haghaidh agus a lámh lena leiceann nach raibh sí ar fónamh.

**Ceisteanna:**

- Cad a bhí beartaithe ag Anna a dhéanamh an mhaidin sin?
- Conas a mhothaigh sí?

**Pictiúr 5a: D'iarr sí cead an seomra a fhágáil.**

D'árdaigh sí a lámh. Ghlaigh sí ar an múinteoir a bhí i bhfeighil an halla scrúdaithe agus d'iarr sí cead dul amach as an seomra. Tugadh an cead sin di agus chuaigh sí go dtí oifig an Phríomhoide.

**Pictiúr 5b: D'inis sí don Phríomhoide go raibh sí tinn breoite.**

Chuaigh sí go dtí an Príomhoide. D'inis sí di go raibh pian uafásach ina bolg aici agus gur mhothaigh sí an-lag.

[Bean óg ghalánta í an Príomhoide seo. Bean láidir diongbháilte ab ea í chomh maith. Bhí stíl deas gruaige aici agus spéaclaí an-fhaiseanta á gcaitheamh aici. Ní raibh de sheodra uirthi ach muince brád.]

**Ceisteanna:**

- Cén fáth ar ardaigh Anna a lámh le linn scrúdú na tíreolaíochta?
- Cá ndeachaigh sí?
- Cad a dúirt sí leis an bPríomhoide?

**Pictiúr 6: Chuir an Príomhoide fios ar dhochtúir. Nimhiú bia ba chúis leis an tinneas dar leis siúd.**

Chuir an Príomhoide fios ar dhochtúir. [Is léir gur dochtúir é an fear meán-aosta atá sa phictiúr seo i ngeall ar an steiteascóip atá crochta timpeall ar a mhuineál. Tá sé gléasta go foirmiúil, casóg dhubh, léine bán agus carbhat. Tá spéaclaí á gcaitheamh aige.]

Dúirt an dochtúir le hAnna go raibh tuairim aige go raibh sí breoite go maith. Shíl sé go raibh nimhiú bia faighte aici. Mheas sé gur ith sí rud éigin nár réitigh léi. Mhínigh sé di go raibh na hairíonna a bhí á léiriú aici siúd ag gabháil le nimhiú bia. D'fhiafraigh sé di ar ith sí rud ar bith le déanaí nár ullmhaigh a máthair.


D'inis Anna dó faoin mburgar a d'ith sí an oíche roimhré. Rinne an dochtúir gáire. D'fhiafraigh sé di cén sórt feola a bhí sna burgair? Mairtfeoil nó feoil chapail?

Dúirt an Príomhoide léi dul abhaile agus sos leapa a thógáil. Dá gcaithfeadh sí cúpla lá sa leaba ba ghearr go dtiocfadh biseach uirthi.

**Ceisteanna:**

- Cad a rinne an Príomhoide?
- Cad a cheap an dochtúir faoi thinneas Anna?
- Cén leigheas a bhí ar an tinneas sin dar leis an bPríomhoide?

## Buntáistí Móra na hIdirbhliana



### 12: Buntáistí Móra na hIdirbhliana

#### Achoimre:

Sa tsraith pictiúr seo taispeántar cuspóirí na hIdirbhliana agus na himeachtaí éagsúla a raibh scoláirí páirteach iontu, na háiteanna a ndeachaigh siad lena linn agus an tairbhe a bhain siad as.

#### Pictiúr 1 : Mhínigh Ceannasaí na hIdirbhliana cuspóirí agus clár na bliana.

Cuireadh tús le himeachtaí na hIdirbhliana i halla na scoile nuair a tháinig an múinteoir a bhí i gceannas ar an ngrúpa sin os a gcomhair ag cruinniú de na daltaí. Bean óg ab ea í. Bhí gruaig fhionn uirthi agus bhí spéaclaí á gcaitheamh aici. Bhí sí gléasta go foirmiúil i gculaithe dhubh mar ba dhual do mhúinteoir. Scríofa ar chlár bán os a gcomhair bhí sé (6) cinn de bhuntáistí nó de spriocanna nó de thréithe a mbeadh siad ag iarraidh a chothú is a fhorbairt i rith na bliana. 1. Comhoibriú, 2. Ceannaireacht, 3. Féinfhoghlaim, 4. Féin-mheas, 5. Neamhspleáchas, 6. Obair ghrúpa.

#### Ceisteanna:

- Cad a bhí ar siúl sa seomra?
- Cé a bhí ag caint?
- Déan cur síos uirthi.

- Cé a bhí i láthair?
- Cad iad na spriocanna a bhí i gceist?

### **Pictiúr 2 : An chéad rud a d'fhógair sí ná deireadh seachtaine eachtraíochta.**

Bhí ceithre cinn d'imeachtaí éagsúla ar fáil do na scoláirí le linn Deireadh Seachtaine na hEachtraíochta:

- cadhacadóireacht: gníomhaíocht don duine aonair an chadhacadóireacht. Chuaigh gach duine amach i mbáidín beag ina haonar/aonar agus gan aici/aige ach céasla dhá bhos chun é a stiúradh.
- rámháíocht foirne: Chuaigh grúpa cúigir amach i mbád rámháíochta nó canú. Bhí maide rámha an duine acu.
- dreapadóireacht: Chuaigh grúpa eile in airde sna sléibhte chun beann ard a dhreapadh,
- saigheadóireacht:: D'fhoghlaim daoine eile an tsaigheadóireacht. Tugadh bogha agus saighead dóibh agus taispeánadh targaid dóibh a bhí caoga méadar os a gcomhair. Chaithfidís lár na targaide a bhuaileadh.

### **Ceisteanna:**

- Cad a bhí á dhéanamh ag na daoine óga sa chanú?
- Cad a bhí á dhéanamh ag na daoine óga ar bhinn an tsléibhe?
- Cén dúshlán a bhí roimh an saighdeoir?

### **Pictiúr 3 : Chuir daltaí na hIdirbhliana ceoldráma ar an ardán.**

Taispeántar ceann de na himeachtaí a raibh idir bhuachaillí agus chailíní páirteach ann, ceoldráma. Is léir go ndearna siad an-chleachtadh ar an gceoldráma áirithe seo. Tá cuma air gur "Guys and Dolls" a bhí ann mar tá buachaillí agus cailíní gléasta ar nós daoine óga sna caogaidí. Bhí stíl gruaige áirithe ag na buachaillí amháin is dá mbeadh siad ag déanamh aithris ar Elvis Presley. Brístí cúnga a bhí á gcaitheamh acu. Bhí gúnaí áille leathana agus pléataí iontu á gcaitheamh ag na cailíní.

### **Ceisteanna:**

- Cad a bhí ar siúl ag na daoine óga seo?
- Cá raibh siad?
- Cén chaoi a raibh siad gléasta?

### **Pictiúr 4: Labhair fear óg leo faoi shábháilteacht ar na bóithre**

Lá eile tháinig fear isteach ón gCoiste um Shábháilteacht ar na Bóithre. Thug sé léacht dóibh. Thaispeáin sé pictiúir uafásacha de thimpistí bóthair dóibh le Power-Point agus an clár bán. Labhair sé faoi shábháilteacht ar an mbóthar. Luaigh sé an gá a bhí ann tiomáint go mall agus go cúramach. Dúirt sé gur "den bhfíor-thábhacht é a bheith cúramach" ar na bóithre.

### **Ceisteanna:**

- Cad é an t-ábhar a bhí á phlé ag an léachtóir?
- Cad a thaispeáin sé do na daltaí?
- Cad a mhol sé dóibh?

### **Pictiúr 5a: Thug siad cuairt ar Dháil Éireann.**

Lá eile thug an grúpa cuairt ar Dháil Éireann i dTeach Laighean. Chuala siad an Taoiseach ag caint. Toisc go raibh na daltaí scoile i láthair labhair an Taoiseach faoi thábhacht na ndaoine óga. Dúirt sé gurbh fhiú éisteacht lena dtuairimí.

**Pictiúr 5b: Bhí seomra na Dála lán le Teachtaí Dála mar bhí ceisteanna á gcur ar an Taoiseach.**

Caithfidh gur shroich daltaí na hIdirbhliana Teach Laighean go han-luath sa lá nuair a bhí ceisteanna á gcur ar an Taoiseach mar bhí gach suíochán lán. Bhí na Teachtaí Dála agus na hAirí go léir ann. Shuigh an Tánaiste in aice an Taoisigh.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad an lá sin?
- Cé a casadh orthu? Cé a chonaic siad?
- Cad a bhí ar siúl le linn dóibh a bheith ann? (... a fhad is a bhí siad ann?)

**Pictiúr 6a: Chuaigh daltaí na hIdirbhliana ar thuras go dtí an Spáinn.**

Thug na daltaí cuairt ar an Spáinn i rith na bliana mar tá de theideal ar an bpictiúr seo “Fáilte go Staid Nou Camp” agus tá sé sin in Barcelona. Ceann de na staideanna is mó ar domhan is ea Nou Camp. Is sa staid sin a imríonn foireann peile Barcelona, ceann de na foirne peile is fearr ar domhan faoi láthair.

**Pictiúr 6b: Scríobh gach dalta tuairisc ar an taitneamh agus an tairbhe a bhain siad as an Idirbhliain.**

Iarradh ar na daltaí tuairisc a scríobh ar bhuntáistí na hIdirbhliana agus an tionchar a bhí ag an bhliain orthu agus an tairbhe a bhain siad as. Bhí gach aon duine acu sásta dearfach faoin bhliain. Dúirt duine amháin gur bhliain iontach a bhí ann, gurbh fhiú go mór dóibh féin a lán dá ndearna siad. Dúirt duine eile go raibh an bhliain thar a bheith tairbheach dóibh, gur bhain siad an-tairbhe as. Dúirt duine eile go raibh sé spreagúil agus i bhfad níos suimiúla ná na gnáthchúrsaí scoile a bhíodh ar siúl acu roimhe sin.

**Ceisteanna:**

- Cad a bhí le déanamh ag na daltaí ag deireadh na bliana?
- Cad a dúirt siad faoin mbliain?
- Cad é an difear a bhí idir imeachtaí na hIdirbhliana agus na gnáth-ábhair scoile?

## Cailte sna Sléibhte



### 13: Cailte sna Sléibhte

#### Achoimre:

Sa tsraith seo tugtar tuairisc ar ghrúpa ógánach a bhí ag siúl sna sléibhte. Chuaigh beirt acu amú sa cheo.

#### Pictiúr 1 : Bheartaigh daoine óga dul ag siúl sna sléibhte ainneoin go raibh ceo ag titim.

Bhí grúpa buachaillí agus cailíní amuigh ag siúl sna sléibhte. Bhí siad feistithe go maith don ghnó. Bhí buataisí breátha láidre ar a gcosa agus bhí cótaí uiscédhíonacha á gcaitheamh acu go léir. Thug gach aon duine acu mála droma ina raibh uisce agus ceapairí mar aon le fearas garchabhrach. Ní dhearna siad dearmad ar an mbata siúil.

D'éirigh easaontas idir na treoraithe a bhí i bheighil an ghrúpa. Dúirt duine amháin, an té a raibh bairéad ar a cheann agus léarscáil ina lámha aige, go raibh ceo ar na sléibhte agus go mbeadh sé dainséarach dul ar aghaidh. Dúirt duine eile nach raibh an léargas ró-dhona in aon chor agus go leanfaidís ar aghaidh. "Níl sé uafásach," a dúirt sé. Bhí an dá chomhairle ann: dul ar aghaidh nó stad agus dul ar ais. Iad siúd ar bheag a dtaithí ar an aimsir sna sléibhte seo theastaigh uathu leanúint ar aghaidh. Ghlac siad leis an rogha contúirteach. Lean siad ar aghaidh ag siúl sna sléibhte d'ainneoin ceo a bheith ag bagairt orthu. Cinneadh místuama ab ea é sin, is dóigh liom.

#### **Ceisteanna:**

- Cad a bhí beartaithe ag na daoine óga seo a dhéanamh?
- Cén chaoi a raibh siad feistithe?
- Cén fáth ar ghá dóibh cinneadh a dhéanamh?
- Cad é do thuairim faoin gcinneadh a rinne siad?

#### **Pictiúr 2 : Tháinig imní ar na treoraithe nuair a d'éirigh an ceo ní ba thibhe.**

Tar éis tamaill thug na cinnirí, nó na treoraithe, faoi deara go raibh an ceo ní ba thibhe agus ní ba dhlúithe timpeall orthu. Níorbh fhéidir leo dada a fheiceáil. Bhí an-chontúirt ann go dtitfidís le haill sa cheo.

#### **Ceisteanna:**

- Cén t-athrú a chonaic na treoraithe?
- Cén fáth nach raibh dada le feiceáil?
- Cén faitíos a bhí orthu?

#### **Pictiúr 3 : Chaill beirt a mbealach sa cheo agus d'imigh an chuid eile ar aghaidh gan iad.**

Díreach ag an am chéanna thug an bheirt deiridh sa scuaine faoi deara go raibh siad tite siar ón ngrúpa. Bhí bearna an-mhór idir iad agus an dream eile. Ba ghearr go raibh siad scartha ar fad ón ngrúpa. Ba ar éigean a b'fhéidir leo iad a fheiceáil sa cheo. Bhuail eagla iad. Thuig siad go raibh siad i gcontúirt anois. Chaithfidís brostú nó chaillfí sa cheo iad. Ní fhéadfaidís dul ar aghaidh gan radharc acu ar an talamh fhúthu. Bhí a fhios acu go raibh aillte taobh leo agus beanna spallaíocha os a gcionn gan trácht ar phoill bháite sa bhogach ar an mbealach rompu. Bhí aiféala orthu gur tháinig siad ar an turas seo in aon chor. Bhí siad san fhaopach agus bhí a fhios san acu.

#### **Ceisteanna:**

- Cén fáth ar tháinig eagla ar an mbeirt bhuachaillí?
- Cén chontúirt a bhí os a gcomhair?
- Cén chontúirt a bhí lena dtaobh?
- Cén chontúirt a bhí os a gcionn?

#### **Pictiúr 4: Thug na treoraithe faoi deara go raibh beirt ar iarraidh agus chuir siad fios ar chabhair.**

Thug baill an ghrúpa mhóir faoi deara go raibh beirt ar iarraidh. Thosaigh siad ag glaach orthu agus ag cuardach. Cé gur ghlaigh duine acu in ard a chinn is a ghutha fáir ná freagra ní bhfuair sé ach macalla a ghutha féin. Cá raibh siad? Ar thit siad thar aill? An raibh siad báite i bpoll slogaide nó ina luí i mbun cumair idir dhá chnoc? Ar bhuail clocha iad agus iad ag titim de screathan sléibhe? Cá raibh siad.

Thóg duine eile an fón póca amach agus ghlaigh sé ar uimhir na práinne, uimhir na seirbhísí éigeandála, "a naoi, a naoi, a naoi". Mhínigh sé an scéal don té a d'fhreagair. Bhí an t-ádair air go raibh sé in ann a insint go beacht cá raibh siad féin mar bhí na comhordanáidí acu ón léarscáil.

#### **Ceisteanna:**

- Nuair a ghlaigh duine ar an mbeirt buachaillí cad a chuala sé?
- Cad iad na smaointe a rith leis na treoraithe i dtaobh na mbuachaillí?
- Conas a d'éirigh leo fios a chur ar chabhair?

#### **Pictiúr 5a: Tháinig ingearán de chuid na Seirbhíse Tarrthála Sléibhe ag eitilt timpeall ag lorg na mbuachaillí.**

Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur chualathas tormán innill sa spéir. D'fhéach an bheirt a bhí cailte suas agus chonaic siad ingearán na Seirbhíse Tarrthála Sléibhe os a gcionn. D'éitil sé timpeall ar feadh tamaill ag cuardach. Bhí lantán á lorg ag an bpíolóta, lantán ar a bhféadfadh sé tuirlingt leis an ingearán. Ní raibh a leithéid ann. B'éigean dó fanacht ar foluain os cionn na mbuachaillí agus beirt fhear a ligean síos ar théada láidre, duine i ndiaidh a chéile.

#### **Ceisteanna:**

- Cén torann a chuala na buachaillí sa spéir?
- Ar thuirling an t-ingearán ar an talamh? Cén fáth?
- Conas a tháinig na fir tarrthála anuas?

#### **Pictiúr 5b: Nuair a fuair siad iad tharraing siad aníos ón talamh iad agus isteach san ingearán.**

Ba mhór an faoiseamh do na buachaillí an t-ingearán a fheiceáil. Nuair a tháinig na fir anuas ón spéir chucu ba bheag nár chaoin siad le háthas. Bhí siad gléasta i gculaith a choinneadh an tsíon amach: clogad cruá, seaicéad agus bríste uisce dhíonach sofheicthe, agus buataisí cruá láidre. An chéad fhear a tháinig anuas cheangail sé a threalamh féin timpeall ar dhuine de na buachaillí agus sméid sé ar an bpíolóta thuas. D'ardaigh seisean an bheirt acu in airde go dtí an t-ingearán féin. Nuair a bhí an bheirt sin istigh ligeadh an téad agus an trealamh síos arís agus tarraingíodh an bheirt eile aníos.

#### **Ceisteanna:**

- Conas a mhothaigh na buachaillí nuair a tháinig na fir tarrthála chucu?
- Conas a tharraing an t-ingearán na buachaillí aníos?
- Cén sórt feistis a bhí ar an bhfear tarrthála?

#### **Pictiúr 6: Thug an t-ingearán na buachaillí ar ais go dtí an campa ina raibh an chuid eile ag fanacht.**

Tugadh an bheirt buachaillí ar ais go dtí an campa ina raibh an chuid eile. Is léir go raibh beartaithe ag an gcuid eile tarrtháil na beirte a cheiliúradh. Bhí stiall bhratacha agus balúin curtha in airde acusan mar mhaisiúcháin timpeall an halla chun fáilte a chur rompu. D'admhaigh an treoraí go raibh sé féin buíoch beannachtach de Dhia gur tháinig gach duine abhaile slán sábháilte. Dúirt duine den bheirt go raibh ceacht le foghlaim as an eachtra: gan dul ag spaisteoireacht sna sléibhte dá mbeadh ceo fógartha i réamhaisnéis na haimsire.

#### **Ceisteanna:**



- Cár fhág na fir tarrthála na buachaillí?
- Cén fáth a raibh an halla maisithe?
- Cén ceacht a d'fhoghlaim gach aon duine de na daoine óga?

## Tionscadal ar Fhéilte na hÉireann



### 14: Tionscadal ar Fhéilte na hÉireann

#### Achoimre:

Tuairisc atá sa tsraith seo ar thionscadal a scríobh beirt scoláirí ar fhéilte móra na hÉireann: Lá Fhéile Pádraig, Oíche Shamhna agus An Nollaig.

#### Pictiúr 1 : D'iarr an múinteoir ar na scoláirí tionscadal ar fhéilte móra na hÉireann a dhéanamh.

Tháinig an múinteoir isteach sa rang lá agus d'iarr sé ar na scoláirí tionscadal ar fhéilte móra na hÉireann a dhéanamh. Theastaigh uaidh go ndéanfaidís taighde agus go bhfaighidís eolas ar na féilte ba thábhachtaí dúinn anseo in Éirinn. Cad iad féin? Cad iad na nósanna a bhaineann leo? Conas a dhéanaimid iad a cheiliúradh?

#### Ceisteanna:

- Cén obair a thug an múinteoir don rang?
- Cén t-ábhar a mhol sé dóibh?

- Cén t-eolas a theastaigh uaidh?

**Pictiúr 2a : Bheartaigh beirt scoláirí ceisteanna a chur ar theaghlach óg a bhí ar aithne acu.**

Shocraigh beirt scoláirí go gcuirfidís ceisteanna ar theaghlach áirithe agus ansin go scríobhfaidís tuairisc ar an gcaoi a ndearna siadsan na féilte móra a cheiliúradh an bhliain roimhe sin.

**Pictiúr 2b : D'fhiafraigh siad díobh cad iad na féilte a cheiliúir siad an bhliain roimhe sin.**

Thug siad cuairt ar theaghlach óg, fear, bean agus páiste. Lánúin phósta ab ea iad a raibh iníon acu a bhí thart ar ocht mbliana d'aois. D'fhiafraigh na scoláirí díobh cad iad na féilte a ndearna siad a cheiliúradh an bhliain roimhe sin. Cad a rinne siad?

**Ceisteanna:**

- Cá bhfaigheadh siad an t-eolas dar leo?
- Cá mhéad daoine a bhí sa teaghlach?
- Cad é an tréimhse ama a bhí i gceist?

**Pictiúr 3a: An chéad mhór-fhéile a ndearna siad a cheiliúradh ná Lá Fhéile Pádraig. Chaith siad an tseamróg. Chuaigh siad chuig an mórshiúl.**

An chéad cheiliúradh a rinne siad an bhliain úd ná an seachtú lá déag de Mhárta, Lá Fhéile Pádraig. Chuaigh siad isteach go dtí an baile mór an mhaidin sin chun Mórshiúl na Féile Pádraig a fheiceáil.

Bhí lár an bhaile plódaithe le daoine agus iad gléasta don ócáid. Bhí hataí glasa lupracháin á gcaitheamh ag a lán daoine.

Bhí an tseamróg á caitheamh ag roinnt daoine i gcuimhne ar an gcaoi ar mhínigh Pádraig Naofa an Tríonóid do na Págánaigh. Bhí trí phearsa i nDia agus trí dhuilleog ar an tseamróg.

Thaitin an mórshiúl go mór leo. Bhí ionadaithe ó na heagraíochtaí sóisialta go léir ag máirseáil, An Cumann Lúthchleas Gael agus na cumainn spóirt eile, na ceardchumainn gona mbratacha, mar aon le bannaí ceoil, bannaí práise, bannaí píob, bannaí fíf agus drumma. Bhí sain-éide le filleadh beag breacáin á gcaitheamh acusan. Ansin bhí lorráithe maisithe le fógraí do chomhlachtaí gnó. Léiríodh drámaí beaga nó glóir-réim ar lorráithe eile. De bhreis orthu sin go léir bhí áilteoirí agus lucht grinn ag pramsáil anonn is anall ar an tsráid, cuid acu thuas go hard ar chosa croise, aghaidh fidil áiféiseach ar a lán acu. Ba mhór an spraoi é mórshiúl na féile Pádraig.

Os a gcomhair uilig bhí pearsa amháin an-fheiceálach sa mhórshiúl. Ba é sin Naomh Pádraig féin. Bhí seisean feistithe amach mar easpag agus bachall ina lámh aige. Bhí hata ard an easpaig ar a cheann, féasóg ar a smig, croiméal breá ar a bheol uachtair. Íomhá deas de Naomh Pádraig.

**Pictiúr 3b: Ina dhiaidh sin d'fhreastail siad ar sheisiún ceoil traidisiúnta i Halla an Phobail.**

An oíche sin chuaigh siad chuig seisiún ceoil traidisiúnta i Halla an Bhaile. Triúr ceoltóirí a bhí ag seinm, veidhleadóir, píobaire agus fear óg ar an mbodhrán. B'shin mar a chaith siad Lá Fhéile Pádraig agus iad ag comóradh Pádraig, éarlamh (pátrún) na hÉireann.

**Ceisteanna:**

- Cén lá sa bhliain ar a mbíonn Lá 'le Pádraig?
- Cad a rinne an teaghlach seo i gcuimhne ar an naomh?
- Cad a bhí le feiceáil i lár an bhaile an lá sin?
- Cad iad na gléasanna ceoil a bhí á seinm ag na ceoltóirí?

**Pictiúr 4: Rinne an teaghlach comóradh ar Oíche Shamhna. Chuaigh páistí an cheantair faoi bhréagriocht ó theach go teach ag lorg sólaistí.**

Féile mhór eile i bhFéilire na nGael ná Oíche Shamhna, an t-aonú lá is tríocha de mhí Dheireadh Fomhair.. An rud ba mhó a rinne siad mar ullmhúchán d'Oíche Shamhna ná an teach a mhaisú le comharthaí scanrúla ón saol eile. Chuir an teaghlach áirithe seo ulchabháin nó sciatháin leathair agus damháin alla ar crochadh ón tsíleáil. Ar an mballa chuir siad blaosc mealbhacáin a raibh poill gearrtha ann chun aghaidh fidil a dhéanamh as. Chuir siad coinneal lasta taobh istigh de agus b'iontach an radharc é an aghaidh taibhsiúil seo sa dorchadas agus gan ach na súile, an tsrón, agus an béal le feiceáil.

Ghléas an cailín óg faoi bhréagriocht. Chuir sí cló Chailleach an Diabhail uirthi féin le hata ard caillí, clóca dubh agus sciorta bán.

Chualathas cnag ar an doras. Bhuail scanraadh iad. Cé bhí ann ach páistí an cheantair agus iad gléasta faoi bhréagriocht. Bhí duine amháin díobh gléasta mar thaibhse, duine eile mar chailleach. Bhí íomhá dá cat dubh draíochta ar a mála sise. Piseog ab ea é go gcuidíodh an cat leis an gcailleach. Bhí an tríú duine, go bhféire Dia orainn, gléasta mar mharbhán. Bhí sé mar a bheadh cnámharlach agus blaoscán bán in áit a chinn. Ach bhí hata ina lámha aige le hairgead, cnónna agus sólaistí a bhailiú.

Bhí muintir an tí seo réidh dóibh. Bhí ciseán acu ina raibh cnónna, úlla, milseáin agus sólaistí eile ann le roinnt ar na páistí nuair a thiochfaidís ar cuairt. B'in nós a bhí acu Oíche Shamhna. [Nós eile nár luadh sna pictiúir seo ná an tine cnámh. Ró-chontúirteach?]

**Ceisteanna:**

- Cathain a bhíonn Oíche Shamhna ann?
- Cad iad na maisiúcháin a cuireadh suas sa teach?
- Conas a bhí na páistí gléasta?
- Cad iad na sólaistí a tugadh dóibh?

**Pictiúr 5: B'í an Nollaig an fhéile ba mhó sa bhliain.**

Rinne siad ceiliúradh ar an Nollaig ar an gcúigiú lá is fiche de mhí na Nollag. Ach, chaith siad roinnt laethanta roimhe sin ag ullmhú agus cúpla lá ina dhiaidh ag ligean a scíthe. Chuaigh siad amach chuig na siopaí agus cheannaigh siad bronntanais dá gcáirde agus dá ngaolta. D'éist siad le cór páistí a bhí ag canadh carúil Nollag san ionad siopadóireachta. Bhí crann Nollag mór feistithe ansin acusan agus réalta ar a bharr. Ar ndóigh bhí Daidí na Nollag le feiceáil istigh i siopa áitiúil. Bhí na bialanna lán de dhaoine a bhí amuigh ag ceiliúradh na Nollag agus béile á chaitheamh acu in éineacht lena gcairde nó leis na daoine sin a mbíodh siad ag obair taobh leo gach lá, a gcomhleacaithe.

**Ceisteanna:**

- Cén dáta ar a mbíonn Lá Nollag?
- Cén fáth a raibh na siopaí lán an tráth sin den bhliain?
- Cad a bhí le cloisteáil san ionad siopadóireachta?

**Pictiúr 6: Ghabh an bheirt buíochas leis an teaghlach agus d'fhág siad slán acu.**

B'ín iad na trí mhór-ócáid a ndearna an teaghlach áirithe seo ceiliúradh orthu. D'fhág an bheirt slán ag an lánúin agus ag an gcailín óg. Ghabh siad buíochas leo as an eolas a thug siad dóibh. Dúirt siad go raibh siad an-chabhrach agus go mbeadh siad in ann tuairisc chuimsitheach a scríobh faoi Fhéilte na hÉireann.

**Ceisteanna:**

- Cad a dúirt an bheirt le muintir an tí?
- Cén t-eolas a fuair siad?
- Cad a bhí beartaithe acu a dhéanamh leis an eolas sin?

## GAISCE



### 15: Gaisce

#### Achoimre:

Seo sraith ina ndéantar cur síos ar ghradam an Uachtaráin – GAISCE – agus na hiarrachtaí a rinne triúr cairde chun an gradam sin a bhaint amach.

#### Pictiúr 1 : Chonaic triúr cairde fógra do GAISCE, gradam an Uachtaráin.

Lá dár tháinig triúr daltaí sinsearachacha ar scoil, beirt bhuachaillí agus cailín, chonaic siad fógra faoi GAISCE, gradam an Uachtaráin, a bhí curtha suas ag duine de na múinteoirí. Tá pictiúr ar an bpóstaer a léiríonn bean aosta ina suí i gcathaoir rotha agus fear óg a raibh a lámh ar a gualainn ag cabhrú léi. Bean ab ea í a raibh lúth na gcós cailte aici, is dócha.

#### Ceisteanna:

- Cad a chonaic na cairde ar bhalla na scoile?
- Cad é GAISCE?
- Cén fáth a raibh an pictiúr áirithe sin ag dul leis?

## **Pictiúr 2 : Chuir siad isteach air.**

Chuaigh an triúr chuig an múinteoir a bhí i bhfeighil an ghradaim agus dúirt siad go raibh suim acu triail a bhaint as GAISCE a thuilleamh. Bhí an múinteoir an-sásta. Múinteoir deas cneasta ab ea í sin, spéaclaí uirthi agus gruaig fhada .

### **Ceisteanna:**

- Cé chuige a ndeachaigh siad?
- Cad a dúirt siad léi?
- Déan cur síos ar an múinteoir agus ar na daltaí.

## **Pictiúr 3 : D'fhoghlaim siad scileanna. Chuaigh duine le ceol, duine le ríomhaireacht, agus duine le haisteoireacht.**

De ghnáth bíonn ceithre chuid ag baint le Gradam an Uachtaráin : rannpháirtíocht sa phobal, scil phearsanta, áineas fisiciúil agus turas eachtraíochta.

1. An chéad rud a bhí le déanamh acu ná scileanna nua a fhoghlaim ar nós gléas ceoil a fhoghlaim. Thosaigh duine acu ag foghlaim ceoil ar an bhfeadóg. Ba mhaith leis a bheith in ann an fheadóg a sheinm.
2. Duine eile, chuaigh sí i mbun cláracha ríomhaireachta a fhoghlaim
3. agus an triú duine – chuaigh sé ag aisteoireacht. Ghlac sé páirt i ndrámá. Tá sé le feiceáil ar an ardán agus é feistithe (gléasta) mar Hamlet sa dráma cáiliúil le Shakespeare.

### **Ceisteanna:**

- Cad a bhí á dhéanamh ag an mbuachaill i bPictiúr 3a?
- Cén scil atá á foghlaim ag an gcailín?
- Cá bhfuil an triú duine ag cleachtadh?

## **Pictiúr 4: Thug siad cuairt ar sheanáirí sa teach altranais.**

1. Taispeántar an cailín ag cabhrú le bean aosta i dteach altranais. Ní raibh an bhean in ann siúl ach le maidí croise. Théadh an cailín seo ar cuairt go minic chun comhlúadar a choinneáil le háitritheoirí an tí.
2. Thug an fear óg cuairt ar sheanfhear agus thug sé bronntanas dó. Thaitin caint is comhrá faoin saol fadó leis an mbeirt acu.

### **Ceisteanna:**

- Cá bhfuil an bheirt sna pictiúir seo?
- Cad atá á dhéanamh ag an gcailín?
- Cad atá á dhéanamh ag an mbuachaill?

## **Pictiúr 5: Ghlac siad páirt in imeachtaí lúthchleasaíochta amuigh faoin aer.**

Tá trí chuid sa phictiúr seo. Baineann siad le lúthchleasaíocht, agus le himeachtaí lúthchleasaíochta amuigh faoin aer.

1. Chuir an cailín isteach ar rás trastíre. Thaitin an reathaíocht léi.

2. Chuaigh duine de na buachaillí ag dreapadóireacht ar na sléibhte.
3. Chuaigh an duine eile ag snámh i linn snámha.

Rinne siad go léir iarracht feabhas a chur ar a gcuradh-iarracht phearsanta féin. Theastaigh uathu a sár-iarrachtaí pearsanta a fheabhsú. Ba mhaith leo dul níos tapúla ná mar a chuaigh siad roimhe sin agus luas níos fearr a bhaint amach.

**Ceisteanna:**

- Cad é an lúthchleasaíocht a roghnaigh an cailín?
- Cad é an lúthchleasaíocht a roghnaigh an chéad bhuachaill?
- Cad é an lúthchleasaíocht a roghnaigh an dara buachaill?

**Pictiúr 6: Chuaigh siad ar shiúlóid fhada.**

1. Ar deireadh, ghlac an triúr acu páirt i siúlóid fhada. Feicimid iad nuair nach raibh le déanamh acu ach deich gciliméadar eile agus ar ndóigh ba mhór an méid é sin.
2. Ach, caithfidh gur éirigh leo é a dhéanamh. Mar sa phictiúr deireanach tá siad le feiceáil i gCaisleán Átha Cliath agus an tUachtarán féin ag bronnadh bonn créumha an duine orthu. Caithfidh go raibh siad bródúil astu féin mar gur chríochnaigh siad an clár dúshlánach a bhain leis an ngradam GAISCE a bhaint amach.

**Ceisteanna:**

- Cad é an dúshlán deiridh a chuir siad rompú?
- Ar éirigh leo?
- Cad a tharla i gCaisleán Bhaile Átha Cliath?



## Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar na Déagóirí



### 16: Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar na Déagóirí

#### Achoimre:

Sa tsraith seo pléitear na fadhbanna atá ag cur isteach ar dhaoine óga sa lá atá inniu ann: an brú a chuireann córas na bpointí ar na scoláirí, na t-ólachán, na drugaí, trioblóid leis na Gardaí, an dífhostaíocht agus an eisimirce, agus an dóchas atá ann go dtiocfaidh feabhas ar an scéal.

#### Pictiúr 1 : Chuir clár teilifíse tús le hábhar comhrá: Fadhbanna Sóisialta Déagóirí.

Bhí beirt daoine óga, buachaill agus cailín, ag féachaint ar an teilifís. Tháinig clár fáisnéise ar an scáileán dar teideal 'Fadhbanna na nÓg Inniu'. Chuir siad suim sa chlár. D'aontaigh siad go raibh 'trioblóidí' á bhfulaingt ag roinnt mhaith déagóirí.

#### Ceisteanna:

- Cad a bhí á dhéanamh ag an mbeirt seo?
- Cén t-ábhar a bhí á phlé?

- An ndeachaigh an t-ábhar sin i gcion orthu?

### **Pictiúr 2 : Lean siad orthu ag plé an chláir le beirt dá gcairde.**

Sa dara pictiúr, feicimid an bheirt chéanna ag plé an chláir lena gcairde i seomra caidrimh na sinsear ar scoil. D'fhiafraigh duine díobh an bhfaca na daoine eile an clár. Is léir go bhfaca. Dúirt duine acu go raibh sé scanrúil.

#### **Ceisteanna:**

- Cá raibh an ceathrar seo?
- Céard faoi a bhfuil an ceathrar ag caint?
- Conas a mhothaigh siad faoi?

### **Pictiúr 3a : Fadhb a chuireann isteach ar dhéagóirí ná go mbíonn siad faoi shíor-bhrú ag scrúduithe.**

Sa chéad phictiúr eile feicimid an pointe seo : brú scrúdaithe. Téann scoláirí ar scoil chun ábhair a fhoghlaim ach ní feidir leo foghlaim de réir a spéise san ábhar. Caithfidh siad staidéar a dhéanamh ar na gnéithe den ábhar is mó a thuillfidh marcanna dóibh agus na gnéithe sin den ábhar a mbeadh suim acu féin iontu a fhágáil i leataobh.

#### **Ceisteanna:**

- Cad a bhí á dhéanamh ag na daoine óga sa phictiúr seo?
- Cén fáth nach raibh mála scoile le feiceáil?
- Conas a mhothaigh siad faoina raibh ar siúl acu?

### **Pictiúr 3b: Caithfidh siad a ndóthain pointí a fháil ó na scrúduithe le dul ar aghaidh chuig an tríú leibhéal.**

Cad faoi chóras na bpointí? Séard atá i gceist le córas na bpointí ná go gcaithfidh scoláirí líon áirithe pointí a thuilleamh san Ardteistiméireacht más mian leo áit a fháil ar a rogha cúrsa tríú leibhéal. Admhaíonn siad go gcuireann an riachtanas sin brú uafásach ar dhaoine óga. Daoine iad seo i bpictiúr uimhir a trí ar mhian leo dul ar aghaidh go dtí an ollscoil. Daoine éirimiúla uailmhianacha is ea iad.

#### **Ceisteanna:**

- Cén chaoi a roghnaítear scoláirí tríú-leibhéil.
- Conas a gheobhaidh siad pointí?
- Cad ba mhian le cuid de na scoláirí ab éirimiúla a dhéanamh tar éis scrúdú na hArdteistiméarachta?

### **Pictiúr 4a: Tosaíonn cuid de na déagóirí ag ól i nganfhiós dá dtuismitheoirí.**

Ach, bíonn fadhb ag daoine nach mbíonn chomh héirimiúil sin nó daoine a éiríonn as an oideachas go hóg.

Feicimid triúr leaids óga. Tá beirt acu ag ól as cannaí agus an triú duine ag ól as buidéal. Táim cinnte gur beoir atá á ól ag na boic óga seo agus bhodca nó ceirtlis ag an triú duine. Cén fáth a bhfuil sé sin ar siúl acu? Bhuel – drochshampla ó na tuismitheoirí tráth dá raibh agus tá an beoir ar fáil go héasca sna hollmhargaí agus sna siopaí eisceadúnais ar phraghas an-saor. Agus mo léan, téann daoine óga go dtí

teach éigin a bheadh saor ó fheitheoireacht agus na tuismitheoirí as baile agus ólann siad a sáith den bheoir. Ní thuigeann siad go leanann fadhbanna an t-ólachán. Má ólann siad an iomarca beidh siad ar meisce, tosódh siad ag troid is ag bruíon, tarlóidh timpiste agus gortófar duine éigin. Anuas air sin déanfaidh siad dochar dá sláinte. Éireoidh cuid acu tugtha don alcól agus ní bheidh siad in ann éirí as. I ngeall ar chloigeann tinn a bheith orthu ar maidin ní bheidh siad in ann dul ar scoil ná aird a thabhairt ar an staidéar.

#### **Ceisteanna:**

- Cad atá ar siúl ag an buachaillí seo?
- Cá bhfuair siad na cannaí agus na buidéal?
- Cén dochar a bhaineann leis an ólachán seo?

#### **Pictiúr 4b: Éiríonn cuid eile díobh tugtha do dhrugaí neamhdhleathacha.**

Feicimid an mangaire drugaí ag seachadadh druga éigin do cheannaitheoir agus an ceannaitheoir ag tabhairt airgid dó. Is margadh suarach neamhdhleathach atá ar siúl ansin. Tá siad beirt inníoch, faiteach - duine acu ag féachaint timpeall air ar nós circe ag faire ar shionnach agus an duine eile, an mangaire drugaí is dócha, agus cochall thar a cheann aige i gcaoi is nach n-aithneodh aon duine é.

#### **Ceisteanna:**

- Cén fáth a bhfuil a cheann clúdaithe le cochall ag duine acu?
- Céard atá á dhíol ag an duine sin?
- Cén fáth a bhfuil eagla ar an mbeirt acu?

#### **Pictiúr 4c: Beidh na Gardaí sa tóir ar lucht ólacháin "cois claí" agus lucht díolta drugaí**

Is léir ón suaitheantas agus ón gcaipín gur Garda é seo agus deir sé le daoine óga gan a leitheid a dhéanamh, 'Ná déanaigí é sin.' Cuireann sé comhairle orthu gan a bheith ag ól nó ag tógáil drugaí.

#### **Ceisteanna:**

- Cén cúram atá ar an nGarda?
- Conas a d'aithneofa Garda?
- Cad é dea-chomhairle an Gharda seo do dhaoine óga?

#### **Pictiúr 5a: Fadhb eile atá ag daoine óga ná an dífhostaíocht.**

Feicimid scuaine fada os comhair Oifig Leasa Shóisialaigh –buachaillí den chuid is mó ach tá roinnt cailíní sa scuaine chomh maith. Tá siad difhostaithe agus tá siad ag freastal ar an oifig seo chun cúnamh dífhostaíochta a fháil. Mí i ndiaidh míosa, lá i ndiaidh lae, seachtain i ndiaidh seachtaine bíonn oibríthe á leagan as obair. Cailleann daoine óga a bpostanna agus bíonn orthu cúnamh dífhostaíochta a lorg. Ba mhaith leo jabanna eile a fháil ach níl jab le fáil. Tá cúlú eacmanaíochta sa tír faoi láthair. Tá an géilleagar ag crapadh. Is fada ó bhí an Tíogar Ceilteach i réim agus monarchana á n-oscailt i ngach aon áit, blocanna árasán á dtógáil sna sráidbhailte is lú agus is iargúlta ar fud na hÉireann agus airgead á chaitheamh mar a bheadh snaois ar thórramh.

Ach anois, a mhalairt ar fad atá ag tarlú – ag méadú ata an dífhostaíocht agus tá daoine i gcrúachás agus tá a scéal féin ag gach uile dhuine de na daoine atá sa líne sin. Cuid acu, bheadh siad pósta; bheadh bean agus páistí ag brath ar an tuarastal a gheobhaidis - an tuarastal nach bhfuil á fháil acu anois. Bheadh

morgáiste acu. Bheadh siad ag iarraidh teach a cheannach agus an teach sin a bheadh leathcheannaithe acu, ní fiú faic anois é. Tá luach an tí tite agus tá cothromas diúltach i gceist. Tá na daoine dífhostaithe seo, a bhíodh ag obair tráth, ag fulaingt go dona. Ní féidir leo na gálaí morgáiste a íoc agus tá baol ann go mbainfidh na bainc an teach díobh.

#### **Ceisteanna:**

- Cén fáth a bhfuil an oiread sin daoine óga ag fanacht?
- Cén fhadhb mhór atá tar éis an tí seo a bhuaileadh?
- Conas a mhothaigh cuid de na daoine sa scuaine sin?

#### **Pictiúr 5b : Caithfidh daoine óga dul ar eisimirce chun obair a fháil.**

Cad é réiteach na faidhbe? Tá pictiúr d'aerfort anseo agus eitleán ag éirí den talamh agus ag dul suas sa spéir. Léiríonn sé sin reiteach amháin ar an gcruachás ina bhfuil oibrithe na hÉireann – is é sin, dul ar imirce thar lear. Téann Éireannaigh óga go dtí an Astráil, go Ceanada, go Meiriceá nó go Sasana nó go dtí tír ar bith ar chlár an domhain ina bhfuil obair le fáil. Tá a lán daoine ag imeacht as Éirinn anois chun obair a fháil agus is cosúil go bhfuil ag éirí leo obair a fháil thar lear.

#### **Ceisteanna:**

- Cé a bhí ar bord an eitleáin sin?
- Cén fáth a raibh siad ag dul thar lear?
- Cad iad na tíortha is mó a dtéann Éireannaigh chucu?

#### **Pictiúr 6 : Tá gach duine ag tnúth le feabhas a theacht ar eacnamaíocht na tíre.**

Tá an bheirt déagóirí tar éis an clár seo a bhí ar an teilifís a phlé agus deir an cailín leis an mbuachaill go bhfuil súil aici go dtiocfaidh feabhas ar eacnamaíocht na tíre agus ar an saol sóisialta agus go maolófar ar na fadhbanna atá ag goilliúint ar dhaoine óga agus ar dhéagóirí sa lá atá inniu ann.

#### **Ceisteanna:**

- An maith leis an bheirt seo an saol sóisialta mar atá faoi láthair?
- Cad leis a bhfuil siad ag tnúth?
- Conas a mhothaíonn siad faoin saol atá rompu féin?

## Samhradh Iontach



### 17: Samhradh Iontach

#### Achoimre:

Sa tsraith seo tugtar cuntas ar an gcaoi ar chaith beirt chailíní an samhradh, le hobair, le taisteal, le spórt, le caitheamh aimsire, agus ag cabhrú le daoine a raibh cúnamh uathu..

#### Pictiúr 1 : Bhí an bheirt chailíní ag caint is ag pleanáil do laethanta saoire an tsamhraidh.

Lá breá brothallach ab ea é. Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir. Bhí beirt chailíní ag caint le chéile ar an tsráid os comhair an tséipéil tar éis dóibh laethanta saoire a fháil ón scoil. Bhí siad ag pleanáil don samhradh fada a bhí amach rompu. Bhí mála scoile ar ghualainn gach duine acu.

Foirgneamh áirgiúil ab ea an séipéal a raibh crainn síorghlasa ag fás timpeall air. Seans maith go raibh reilig istigh ansin chomh maith agus is dócha nach raibh na scoileanna ró-fhada ón láthair ach oiread. . Bhí doras an tséipéil amuigh ar thaobh an bhóthair agus túr nó cloigtheach ard os a chionn. Bhí clog mór ar a ghaidh. B'fhurasta an t-am a léamh, a ceathrú tar éis a trí.

#### Ceisteanna:

- Cá raibh an bheirt chailíní ina seasamh?
- Cén chaoi a raibh an aimsir?

- Cad é an t-ábhar comhrá a bhí eatarthu?

### **Pictiúr 2a : I dtosach theastaigh uathu post a fháil chun airgead a thuilleamh.**

An chéad rud a bheartaigh siad a dhéanamh ná post oibre a fháil. Chuaigh siad go dtí an t-óstán áitiúil. D'iarr siad cead labhairt leis an mbainisteoir. D'inis siad dó go raibh post sealadach á lorg acu. Chuir seisean faoi agallamh iad ina oifig. Fear óg dea-ghléasta ab ea é a raibh a chuid gruaige cíortha go maith aige. Bhí culaith fhoirmiúil, léine bán agus carbhhat á gcaitheamh aige. Bhí a ainm le féiceáil ar lipéad aitheantais ar bhrollach a chasóige.

### **Pictiúr 2b : D'éirigh leo postanna a fháil mar ghlantóirí seomra.**

Fuair siad araon postanna mar ghlantóirí seomra. Tugadh sainéide agus náprún dóibh le caitheamh agus map, buicéad agus ábhar glantacháin le húsáid nuair a bheadh siad ag obair. Chaithfidís na leapacha a chóiriú, na cairpéid a fholúsghlanadh agus na seomraí folctha a sciomradh sula dtiocfadh na haíonna isteach.

#### **Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad ag lorg oibre?
- Cén post a fuair siad?
- Cad iad na dualgais a bhí orthu?

### **Pictiúr 3 : Chuaigh siad ar saoire go dtí an Róimh.**

Caithfidh gur thuill siad neart airgid nuair a bhí siad ag obair san óstán mar bhí siad in ann dul ar saoire go dtí an Róimh ina dhiaidh sin. Thug siad cuairt ar an Colosseum. Amharclann ábhalmhór is ea é sin a tógadh dhá mhíle bliain ó shin ina bhféadfadh na mílte duine drámaí agus seónna brúidiúla a fheiceáil. Cheap na cailíní gur chathair ghleoite í an Róimh agus bhí siad an-sásta lena dturas.

#### **Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad ar a laethanta saoire?
- Cén sórt áite é an Colosseum?
- Cad a cheap siad faoin Róimh?

### **Pictiúr 4a: D'imir siad peil ar fhoireann na gcaillíní agus bhuaigh siad Corn na Craoibhe.**

Nuair a d'fhill siad ar Éirinn d'imir siad cluiche peile ar fhoireann na gcaillíní. Is léir ón ríméad atá orthu agus ón gcorn atá crochta in airde acu gur bhuaigh siad cluiche ceannais na Craoibhe.

### **Pictiúr 4b: Casadh beirt bhuachaillí orthu an oíche sin sa phictiúrlann.**

An oíche sin, chuaigh siad amach chuig an phictiúrlann. Bhain siad an-taitneamh as an scannán a bhí á thaispeáint. Bhí sé an-ghreannmhar. Casadh buachaillí deasa orthu sa phictiúrlann agus chuir siad aithne ar a chéile. Cheannaigh siad smailc le hithe, boscaí móra de ghrán rósta agus deochanna boga. Tugadh soipíní dóibh leis na deochanna a ól.

#### **Ceisteanna:**

- Conas d'éirigh leo sa chluiche peile?

- Cad é an duais a fuair siad?
- Cá ndeachaigh siad ina dhiaidh sin?

#### **Pictiúr 5: Chaith siad roinnt ama ag obair le Cumann Naomh Uinseann de Pól.**

Ní raibh siad leithleasach – ní ag smaoineamh orthu féin amháin a bhí siad mar chláraigh siad le Cumann Naomh Uinseann de Pól. Cumann carthannachta is ea é sin a dhéanann obair dheonach do dhaoine a mbíonn fadhbanna eagsúla ag cur isteach orthu. Théadh na cailíní timpeall chuig daoine bochta le beartáin lán de shólaistí a bheadh ag teastáil uathu. Daoine ab ea iad seo a bheadh ró-lag le dul ag siopadóireacht dóibh féin nó a bheadh ar easpa airgid. Bhí na cailíní seo breá láidir agus bhí siad in ann cabhrú leo gan stró. Théidís ag siopadóireacht dóibh agus thugaidís riachtanaisí na beatha chucu – le grá Dé.

#### **Ceisteanna:**

- Cén sórt eagraíochta é an cumann ina raibh siad?
- Cén t-ainm a bhí ar an gcumann sin?
- Cén chaoi ar chabhraigh siad le daoine?

#### **Pictiúr 6: Thaitin an samhradh sin go mór leo. Thosaigh siad ag smaoineamh ar an bhliain dár gcionn.**

Nuair a tháinig deireadh leis an samhradh ba bhreá leis an bheirt acu breathnú siar ar an gcaoi ar chaith siad na laethanta saoire. Bhí siad beirt ar aon aigne go raibh samhradh an-bhreá acu. Dúirt duine acu gurbh é sin an samhradh ab fhearr dá raibh riamh acu. Is ansin a thosaigh an bheirt acu ag pleanáil arís do shamhradh na bliana dár gcionn. Dá luaithe ab fhearr dar leo.

#### **Ceisteanna:**

- Ar thaitin an samhradh leo?
- Cad dúirt siad faoi?
- Céard air ar thosaigh siad ag smaoineamh?

## An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr



### 18: An Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr

Sa tsraith seo chinn beirt scoláire ar rud éigin fiúntach a dhéanamh chun an Ghaeilge a chur chun cinn. D'eagraigh siad turas chun na Gaeltachta. Chuir siad ciorcal comhrá ar bun. Thosaigh siad féin ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus ag féachaint ar TG4. Tar éis a gcuid iarrachtaí bronnadh gradam orthu.

#### Pictiúr 1 : Chonaic beirt stócach fógraíocht i nGaeilge ar shiopa.

Bhí Aodh agus Briain ag siúl thar shiopa ceoil agus chonaic siad fogra i nGaeilge. "Sladmhargadh na Cásca". Chuir sé sin ag smaoineamh iad. Dúirt Aodh go raibh áthas air an Ghaeilge a fheiceáil sna comharthaí. Dúirt Brian gur aontaigh sé leis ach gur fúthú féin, faoin nglúin s'acu siúd, an Ghaeilge a chur chun cinn. Rinne siad an scéal a phlé ar feadh tamaill agus d'admhaigh siad go mbraithfeadh sláinte na teanga orthu féin. Gléasanna ceoil a bhí ar taispeáint sa bhfuinneog, cairdín (bosca ceoil), consairtín, bainseo, bodhrán agus cláirseach.

#### Ceisteanna:



- Cad a chonaic na stócaigh?
- Cad a dúirt siad faoin nGaeilge?
- Cad a bhí i bhfuinneog an tsiopa?

**Pictiúr 2 : Ghúgláil siad an tIdirlíon chun eolas a fháil faoin nGaeltacht.**

Chuaigh siad ar an idirlíon agus ghúgláil siad “Turas chun na Gaeltachta.” Chuaigh siad isteach ar líonra sóisialta Facebook chun eolas a fháil faoi na coláisí Gaeilge sa Ghaeltacht. D’fhéach siad ar na tithe lóistín, agus ar na praghasanna agus araile. Chinn siad ar thuras chun na Gaeltachta a eagrú. D’iarr siad ar a gcairde teacht leo.

**Ceisteanna:**

- Cén t-eolas a bhí ag teastáil uathu?
- Cén líonra sóisialta a chuartaigh siad?
- Cad a bheartaigh siad a dhéanamh?

**Pictiúr 3a : Chuaigh siad ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht.**

Chaith siad tamall sa Ghaeltacht. Thaitin sé go mór leo bheith ag caint Gaeilge lena chéile agus ag cur aithne ar dhaoine eile trí mheán na Gaeilge.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad?
- Cad é an rud is mó a thaitin leo?

**Pictiúr 3b: Thaitin an ceol agus an damhsa leo ag na céilithe.**

Bhain siad an-spraoi as an siamsaíocht sa Ghaeltacht. Taispeantar iad ag éisteacht le ceol rince na hÉireann agus iad ag damhsa sean-rincí traidisiúnta ar nós "An Staicín Eornan" nó "Ionsaí na hInse" ag an gcéilí.

**Ceisteanna:**

- Cén sort siamsaíochta a bhí acu sa Ghaeltacht?
- Ainmnigh damhsa amháin?

**Pictiúr 3c: Bhain siad an-sult as na cluichí ar an trá.**

I rith an lae bhí an-spraoi acu ag imirt cluichí amuigh. Lá de na laethanta chuir siad eangach eitpheile suas ar an trá. Roghnaigh siad dhá fhoireann agus d’imir siad cluiche eitpheile. Bhí idir bhuachaillí agus chailíní ar an dá fhoireann. B’alainn an lá é. Bhí an ghrian ag scalladh anuas orthu. Bhí an taoide ag siosarnach is ag slaparnach ar an ngaineamh taobh leo, agus bhí bád seoil le feiceáil i bhfad i gcéin ar fhíor na spéire. Fógra deas don Ghaeltacht is ea na trí phictiúr sin.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad um thráthnóna?
- Cén cluiche a d’imir siad?
- Cad é an radharc a bhí le feiceáil acu?

#### **Pictiúr 4: Nuair a d'fhill siad ar an scoil theastaigh uathu an Ghaeilge a labhairt.**

Nuair a tháinig siad ar ais ar scoil chuir siad Ciorcal Comhrá Gaeilge ar bun. Is é plean a bhí acu ná go dtiocfadh daltaí ar mhian leo a gcuid Gaeilge a chleachtadh le chéile ag am lóin gach Luan chun Gaeilge a labhairt lena chéile. Rinne siad é sin agus d'éirigh go maith leis mar scéim. Tháinig an-fheabhas ar líofacht Ghaeilge na ndaltaí a ghlac páirt sa chiorcal comhrá.

#### **Ceisteanna:**

- Cad a chuir siad ar bun sa scoil?
- Cén uair a bhuail siad le chéile?
- Cén toradh a bhí ar an scéim sin?

#### **Pictiúr 5a: Thosaigh siad ag éisteacht le Raidio na Gaeltacha.**

D'éist siad le Raidio na Gaeltachta. Bhí siad in ann é a fháil ar an bhfón póca a bhí acu. Bhainidís feidhm as cluasáin ionas nach mbeadh glór an raidio ag cur isteach ar dhaoine eile. D'fhéadaidís éisteacht le Radio na Gaeltachta i nganfios don saol mór. Éisteacht faoi rún a bhí ar siúl acu.

#### **Ceisteanna:**

- Conas ar éirigh leo Gaeilge a chloisteáil?
- Cén fáth ar úsáid siad cluasáin?

#### **Pictiúr 5b: Chuir siad TG4 ar siúl agus thaitin na cláir leo.**

Níorbh fhéidir breathnú ar TG4 faoi rún áfach. Sin fadhb leis an teilifís. Mura bhfuil ach teilifís amháin sa seomra caithfidh gach duine dá bhfuil ann féachaint ar an gclár céanna. Theastaigh ón leaid óg, -- Brian? -- breathnú ar TG4 agus b'éigean dó áiteamh ar a athair ligean dó an cainéal sin a roghnú. Um tráthnóna, sa bhaile, d'iarr Brian ar a athair suí agus féachaint ar TG4. "Is fiú féachaint ar TG4" a deir sé. Bhí an t-ádh air go raibh a athair sásta féachaint ar an gclár in éindí leis.

#### **Ceisteanna:**

- Cén cainéal teilifíse a theastaigh ó Bhrian?
- An raibh a athair sásta leis sin?

#### **Pictiúr 6 : Bhronn Príomhoide na scoile gradam Gaeilge orthu as a ndíograis.**

Iontas na n-iontas, d'eagraigh an scoil searmanas beag chun gradam a bhronnadh ar an mbeirt. Thréaslaigh Príomhoide na scoile leo as an iarracht a bhí déanta acu an Ghaeilge a neartú sa scoil agus sa cheantar. Bhronn sí trófaí beag orthu araon a raibh a n-ainmneacha greannta air. Bhí ríméad orthu a leithéid sin de bhuíochas a fháil.

#### **Ceisteanna:**

- Cén t-aitheantas a fuair siad ón scoil?
- Cad a bhí le rá ag an bPríomhoide?
- Céard a thug an Príomhoide dóibh?

## Tá Tionchar ag na Meáin agus an Teicneolaíocht Orainn



### 19: Tá Tionchar ag na Meáin agus an Teicneolaíocht Orainn

#### Achoimre:

Baineann an tsraith pictiúr seo leis an tionchar atá ag na meáin chumarsáide orainn. Léirítear mar atá an teicneolaíocht ag dul i bhfeidhm ar dhaoine, daoine óga ach go háirithe. De bhreis ar na meáin chlóbhuailte tá an teilifís, na fóin chliste, agus an tídirlíon anois ann.

#### Pictiúr 1 : Labhair an múinteoir Gaeilge leis na daltaí faoi chumhacht na meán agus na teicneolaíochta.

Lá de na laethanta tháinig an múinteoir Gaeilge isteach sa seomra ranga agus labhair sé faoi na meáin chumarsáide agus an teicneolaíocht. Is é rud is cumarsáid ann ná bealach chun eolas a chur ar fáil, nó teagmháil le daoine trí chaint nó scríobh. Tá an-chumhacht ag na daoine atá i bhfeighil na meán mar bíonn tionchar acu ar na daoine sin a léann na páipéir nuachta, agus ar na daoine a éisteann leis an raidió agus a bhreathnaíonn ar an teilifís.

#### Ceisteanna:

- Cé atá ag caint sa pictiúr seo?
- Cén t-ábhar cainte atá aige?
- Céard is brí le cumarsáid?

#### Pictiúr 2a : Tá an-chumhacht ag na nuachtáin.

Céim mhór i stair an chine daonna ab ea an litearthacht agus an chlódóireacht. Nuair a d'fhoghlaim gnáthdhaoine léamh agus scríobh foilsíodh nuachtáin, irisí agus leabhair chun ábhar léitheoireachta a chur ar fáil dóibh. Sa lá atá inniu ann foilsítear nuachtáin laethúla agus is nós le daoine ceann amháin ar a laghad a léamh gach lá.

Faigheann daoine eolas faoin Rialtas agus faoi pholaiteoirí sna páipéir nuachta, rud a chuireann smacht ar na polaiteoirí céanna. Buntáiste mór don daonlathas is ea eolas a scaipeadh i measc an phobail mar a dhéantar sna páipéir nuachta.

Ábhar buartha do dhaoine is ea claontacht na nuachtán áfach. Bíonn nuachtáin ag brath ar airgead ó thionscal na fógraíochta agus mar gheall ar sin bíonn leisce orthu scéalta a chuirfeadh olc ar fhógróirí a fhoilsiú.

### **Ceisteanna:**

- Cad atá á dhéanamh ag an mbuachaill sa chéad phictiúr?
- Cad atá á dhéanamh ag an gcailín sa dara pictiúr?
- Cén sórt eolais a fhaigheann daoine ó na meáin seo?

### **Pictiúr 2b : Meán fíor-chumhachtach is ea an teilifís.**

Meán fíor-chumhachtach is ea an teilifís. Ceaptar go mbíonn an-tionchar aige ar dhaoine óga ach go háirithe.

#### **Dea-thionchar.**

Bíonn dea-thionchar ag cláracha faisnéise ar dhaoine. Tugann siad eolas don phobal. Baineann daoine pléisiúr as cláracha siamsaíochta. Is breá leo cláracha a thugann ardán do cheoltóirí agus d'aisteoirí áitiúla. Is breá leo drámaí a fheiceáil. Bíonn an-tóir ar an sobal-dráma, nó gallúntraí, Ros na Rún ar TG4, an cainéal Gaeilge. Bunaíodh TG4 sa bhliain 1996 chun seirbhís craoltóireachta poiblí a chur ar fáil trí Ghaeilge.

#### **Droch-thionchar.**

Tá na céadta cainéil teilifíse ar fáil in Éirinn anois ar chábla agus ó mhias saiteilíte. Tá na meáin Bhéarla ag cur isteach ar ár gcultúr féin. Tá an Ghaeltacht dá bá i mBéarla na teilifíse.

Tá sé sin dona go leor ach uaireanta taispeántar scannáin ar na cainéil sin nach bhfuil thar moladh beirte le foréigean agus le graostacht. Ní mór do thuismitheoirí bheith san airdeall.

Droch-thionchar is ea an chumhacht ollmhór atá ag lucht fógraíochta ar chainéil tráchtála áfach. Ar nós na bpáipéir nuachta ní mian leo olc a chur ar an lucht fógraíochta. Mar sin féin cuireadh cosc ar fhógraí tobac. Cathain a chuirfeadh cosc ar fhógraí don alcól?

### **Ceisteanna:**

- Cén mhaith atá i gcláracha faisnéise?
- Cén sobaldráma a bhíonn ar TG4?
- An mbíonn tionchar ag lucht fógraíochta ar chláracha teilifíse?

### **Pictiúr 2c: Iompraíonn gach duine fón póca sa lá atá inniu ann.**

Meán uile-chumhachtach eile is ea an fón póca sa lá atá inniu ann. Tá ceann díobh ag gach aon duine inniu. Ní fón amháin atá anois ann ach ríomhaire póca a bhfuil ceamara, raidio agus seinnteoir ceoil ann mar aon le ceangal Idirlín agus deasaí deasa eile. Má bhreathnaíonn tú ar dhaoine in áit ar bith feicfidh tú go bhfuil siad ag téacsáil a gcairde. Má éisteann tú cloisfidh tú iad ag caint ar an bhfón. Bíonn an comhrá síoraí seo ar siúl a bhuíochas don teicneolaíocht. Glactar leis anois gur droch-mhúinte an rud é

ligean don bhfón bualadh le linn searmanais nó i seomra ranga. Ba mhór an náire duit dearmad a dhéanamh an fhuaim a mhúchadh roimhré.

#### **Ceisteanna:**

- Cad é an meán cumarsáide atá i gceist sa phictiúr seo?
- Luaigh buntáiste atá leis?
- Luaigh mí-bhuntaíste atá leis?

#### **Pictiúr 3: Tá seomra ríomhaireachta agus an tIdirlíon ar fáil in gach scoil anois.**

Tá daltaí scoile istigh i seomra ríomhaireachta scoil Pheadair . Tá siad ag foghlaim ón meaisín. Ríomh-fhoghlaim atá ar súil acu. Tá siad in ann fáil isteach ar láithreáin Idirlín in áit ar bith ar domhan ag am ar bith agus leas a bhaint astu. Is iontach an áis í sin. Ní hamháin sin ach is féidir leo a láithreáin féin a bheith acu agus a dtuairimí féin a fhoilsiú i mblog don saol mór ar líonra sóisialta ar nós Facebook nó Twitter.

#### **Contúirt**

Tá contúirt ag baint leis seo áfach. Uaireanta tarraingíonn tuairimí neamh-urchóideacha bulaíocht agus ionsaithe fíochmhara gan choinne. Uaireanta eile tugtar deis do dhroch-dhaoine tionchar aimhleasach a imirt ar dhaoine eile i nganfhiós dá muintir.

#### **Ceisteanna:**

- Céard atá á dhéanamh ag na daltaí seo?
- An feidir leo a dtuairimí féin a fhoilsiú? Conas?
- An bhfuil contúirt ag baint leis an Idirlíon?

#### **Pictiúr 4a: Chonaic pobal na hÉireann uilig banríon na Breataine nuair a tháinig sí go hÉirinn.**

Is minic a luaitear an beannú a rinne banríon na Breataine as Gaeilge, "A Uachtaráin agus a chairde go léir." Fuair sí bualadh bos croíúil as an méid sin mar léirigh sí ómós dár n-iarracht an Ghaeilge a athbheochan. Nuair a chrom banríon na Breataine a ceann i nGairdín Chuimhneacháin na hÉireann i gCearnóg Pharnell chuaigh an comhartha sin i gcion go mór ar mhuintir na hÉireann a bhuíochas do na meáin. Ócáid stairiúil ab ea í. Bhí an-tionchar aige ar phobal na tíre.

#### **Ceisteanna:**

- Conas a léirigh an bhanríon ómós dúinn?
- Cén fáth a ndeachaigh sí go Cearnóg Pharnell?

#### **Pictiúr 4b: Tháinig Uachtarán Mhéiriceá ar cuairt go hÉirinn freisin.**

Labhair Uachtarán Mheiriceá Gaeilge chomh maith. "Is fearr Gaeilge briste ná Béarla cliste" ar seisean. Ní dóigh liom go n-aontódh mórán leis an ráiteas sin ach craoladh é ar fud an domhain uilig. B'fhearr dá mbeadh Gaeilge chliste againn.

#### **Ceisteanna:**

- Céard a dúirt Uachtarán Mhéiriceá faoin nGaeilge?

#### **Pictiúr 5: Lean na daltaí sinsearacha orthu ag plé na ceiste.**

Tar éis léacht an mhúinteora thosaigh na daltaí féin ag plé na ceiste. Dúirt fear óg amháin go mbíonn an iomarca tionchair ag na meáin. D'aontaigh bean óg leis. Dúirt sí go mbíonn nuachtóirí agus tuairisceoirí na meán ró-fhiosrach agus go gcuireann siad isteach ar phríobháideacht daoine.

**Ceisteanna:**

- Cén tuairim a bhí ag an mbuachaill?
- Cén tuairim a bhí ag an gcailín?

**Pictiúr 6 : Tá idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag baint leis na meáin chumarsáide.**

Ghlac an bheirt seo leis go bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag gabháil leis na meáin agus leis an teicneolaíocht atá ann anois.

**Ceisteanna:**

- Céard is dóigh leis an mbeirt seo faoi na meáin?

## Sláinte na n-Óg – Seachtain na Sláinte



### 20: Sláinte na nÓg - Seachtain na Sláinte

#### Achoimre

Sa tsraith pictiúr seo léirítear dúinn na bealaí a ndeachaigh scoil amháin i mbun dea-shláinte a chothú i measc na ndaltaí. D'fhógair an Príomhoide go mbeadh "Seachtain na Sláinte" acu. Ar an gclár bheadh cluiche peile, gleacaíocht, athruithe i mbiachlár cheaintín na scoile, siúlóid urraithe, agus léacht.

**Pictiúr 1 : D'fhógair Príomhoide na scoile go mbeadh an dea-shláinte á cur chun cinn an tseachtain dár gcionn.**

Ag a leath uair tar éis a deich ar maidin labhair Príomhoide na scoile leis na daltaí agus leis na múinteoirí go léir thar chóras fógartha poiblí na scoile. Bhí mícreafón ar an mbord aici agus bhí sí in ann labhairt leo go léir trí challairí sna seomraí. D'fhógair sí go mbeadh "Seachtain na Sláinte" á cheiliúradh an tseachtain dár gcionn agus go mbeadh imeachtaí speisialta á reachtáil chun dea-shláinte a chothú agus a chur chun cinn i measc daltaí, múinteoirí, agus tuismitheoirí na scoile.

#### Ceisteanna:

- Cé a labhair leis na daltaí?

- Cén chaoi a raibh sí in ann labhairt le gach rang gan bogadh óna deisc féin?
- Cad a dúirt sí?

**Pictiúr 2A : Cuireadh cluiche peile ar siúl idir na daltaí agus na múinteoirí.**

I measc na n-imeachtaí a bhí beartaithe bhí cluiche peile idir na daltaí agus na múinteoirí le bheith ann. Is cinnte gur bhain gach duine an-spraoi as sin.

**Ceisteanna:**

- Cad é an chéad imeacht a heagraíodh?
- Ar thaitin sé leis na daltaí?

**Pictiúr 2B : Thosaigh na sinsir ar chleachtaí gleacaíochta a dhéanamh.**

Ansin moladh do na scolairí dul go dtí ionad aclaíochta na scoile agus cleachtaí gleacaíochta a dhéanamh. Rinne siad é sin go fonnmhar. Go moch gach maidin d'osclaítí halla spóirt na scoile agus chaitheadh cuid de na daltaí sinsearacha tamall roimh na ranganna ag cleachtadh ar chúirt na cispheile.

**Ceisteanna:**

- Cad a bhíodh á dhéanamh ag na scolairí sa halla spóirt?
- Cathain a théidis go dtí an halla spóirt?
- Cén cluiche a d'imrítí ansin de ghnáth.

**Pictiúr 3A : D'athraigh bialann na scoile an biachlár a bhí acu. Bia folláin a bheadh ar díol acu feasta.**

Chinn lucht riartha bhialann na scoile ar bheartas nua maidir le bia a chur ar bun. Chuir siad an mana "BIA SLÁINTIÚIL" os cionn an chuntair agus d'fhógair siad go mbeadh smailceanna folláine á gcur ar fáil acu feasta, greimíní gasta ar nós úlla, iógart, agus árán donn tí.

**Ceisteanna:**

- Cad a rinne an bhialann chun dea-shláinte a chothú?
- Cén fógra a chuir siad suas?
- Cén sórt smailceanna a chuir siad ar díol an tseachtain sin?

**Pictiúr 3B : D'éirigh siad as na cineálacha bia a bhfuil geir diobhálach iontu**

Sa phictiúr seo feicimid cineálacha bia nár cheart do dhaoine óga a ithe. Cé gur blasta iad sceallóga agus burgair bíonn an iomarca gréisce agus geire iontu. A lán de na deochanna mianrúla a ólann daoine óga níl siad go maith don chroí ná don tsláinte. Fadhb mhór sa lá atá inniu ann is ea fadhb na beathaitheachta. Éiríonn roinnt daoine i bhfad ró-ramhar agus ró-throm dá n-aois agus dá n-airde.

**Ceisteanna:**

- Cad iad na cineálacha bia nach bhfuil go maith dar le lucht na bialainne?
- Cad faoi na deochanna mianrúla?
- Cad é an fhadhb shláinte a thagann ar dhaoine áirithe?

**Pictiúr 4: Eagraíodh siúlóid faoi urraíocht chun airgead a bhailiú d'fhonn trealamh spóirt a cheannach.**



Eagraíodh siúlóid urraithe i rith Seachtain na Sláinte. Slí chun airgead a bhailiú is ea siúlóid urraithe. Caithfidh daoine atá rannpháirteach sa tsiúlóid "urraíocht" a fháil ó ghaolta, ó chomhharsana, ó chairde nó ón lucht gnó.

Is ionann urraíocht agus geallúint go n-íocfaidh na hurraí méid áirithe airgid má chríochnaíonn an rannpháirtí an tsiúlóid. Bhí airgead ag teastáil go géar ón scoil seo chun trealamh spóirt a cheannach. Cibé airgead a bhaileoidís chaithfidís ar threalamh spóirt é.

Fuair siad lá an-bhreá don tsiúlóid. Bhí sé go deas tirim agus bhí an ghrian ag scalladh. Ba rí-dheas an áit í ina raibh siad ag siúl. Páirc phoiblí is dóigh liom. Bhí cosán tirim futhu agus fál feá rua taobh leo.

#### **Ceisteanna:**

- Inis dhá chuspóir a bhí ag lucht eagraithe na siúlóide?
- Cad air a chaithfidís an t-airgead?
- Cen chaoi a raibh an aimsir an lá sin?

#### **Pictiúr 5: Thug an Comhairleoir Gairmmthreorach léacht ar shláinte na hintinne.**

Lá de na laethanta i rith na seachtaine, labhair an Comhairleoir Gairmmthreorach leis na scolairí faoi ghnéithe eile den tsláinte, sláinte na hintinne (meabhairshláinte nó sláinte mheabhrach). Labhair sí leo faoi na fadhbanna a bhíonn ag daoine óga. Dúirt sí nár chóir dóibh a bhfadhbanna pearsanta a choinneáil faoi rún acu féin ach gur cheart dóibh labhairt le duine éigin eile, duine freagrach ar nós tuismitheoir nó múinteoir nó dochtúir chun go bhfaighidís comhairle. Dá roinnfidís an t-ualach imní le duine freagrach eile laghdófaí air agus gheobhaidís faoiseamh. Gheall sí go bhfaighidís comhbhá agus cabhair ó gach aon duine i gcás mar sin. Bhí cúnamh le fáil ach é a iarraidh.

#### **Ceisteanna:**

- Cén t-ábhar cainte a bhí ag an té a labhair leis na daltaí?
- Cad é an chomhairle a bhí aici dóibh?
- Cén gheallúint a thug sí dóibh an dóigh leat?

#### **Pictiúr 6: Ghabh an Príomhoide buíochas le gach duine a ghlac páirt i Seachtain na Sláinte. D'éirigh thar barr leo.**

Ag a ceathrú tar éis a dó ar an Aoine cuireadh clabhsúr le Seachtain na Sláinte. Labhair an Príomhoide arís thar chóras fógartha poiblí na scoile agus ghabh sí buíochas le gach aon duine. Dúirt sí gur éirigh go han-mhaith leis an tseachtain, Seachtain na Sláinte. Seachtain den scoth ab ea í dar léi. D'iarr sí orthu leanúint ar aghaidh leis an gcleachtadh coirp agus le cothú na haclaíochta. Mhol sí dóibh bia maith folláin a ithe i gcónaí agus na "greimíní gasta" díobhálacha a sheachaint as sin amach.

#### **Ceisteanna:**

- Cén chaoi ar éirigh leis an bPríomhoide labhairt leis na daltaí agus leis na múinteoirí go léir gan an deasc a fhágáil?
- Cad a dúirt sí?
- An raibh sí sásta?